



An Foras Taighde ar Oideachas

Tuarascáil Bhliantúil 2022

Clár

<u>Réamhrá an Chathaoirligh</u>	Error! Bookmark not defined.
<u>Caibidil 1: Maidir leis An Foras Taighde ar Oideachas</u>	5
<u>Caibidil 2: 2021 Clár oibre agus aschuir</u>	10
<u>Caibidil 3: Rialachas</u>	23
<u>Aguisín 1: Liosta neamh-uileghabhálach de ghníomhaíochtaí i gcomhréir le cuspóirí Fheidhmeanna an Fhorais a chur chun cinn</u>	30
<u>Aguisín 2: Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta</u>	31
<u>Aguisín 3: Ráiteas Airgeadais agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach</u>	32

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá sé de phribhléid agam mar Chathaoirleach ar an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) tuarascáil an Fhorais ar a chuid oibre don bhliain 2022 a chur i láthair. Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an FTO a bhfuil dhá mhisean aige: seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais, agus oideachas agus taighde neamhspleách a dhéanamh ar gach gné den oideachas. Soláthraíonn an Foras seirbhís ilsrathach measúnaithe agus taighde oideachais, agus é mar aidhm aige eolas agus anailís a chur ar fáil a chuidíonn le pleanáil oideachais ag leibhéal an dalta aonair, na scoile agus an bheartais náisiúnta.

Tugann an tuarascáil seo forléargas ar ghníomhaíochtaí an FTO in 2022, ag díriú airde ar phríomh-éachtaí, ar dhúshláin agus ar threoracha don todhchaí i gcomhréir leis an bplean straitéiseach do 2022-24. Cuirtear i láthair forléargas ar obair an Fhorais thar raon gníomhaíochtaí i bhforbairt trialach, tionscadail measúnaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le taighde mar aon le hairde a dhíriú ar na dúshláin foirne agus ualach oibre a bhain leis an mbliain. Áirítear sa tuarascáil freisin sonraí faoin dul chun cinn atá déanta ar na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2022 – 2024 an Fhorais.

Le linn 2022, tháinig athruithe suntasacha ar ról cheannaireachta an FTO. D'éirigh an POF, an Dr Jude Cosgrove, as a post chun glacadh le ról ag Ionad Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh i Seville. Bhí ionchur sármhaith ag Jude in obair an FTO mar phríomhthaighdeoir agus mar POF thar thréimhse a mhair breis agus 20 bliain. Tá an bord go mór faoi chomaoin ag Jude as a tiomantas urghnách maidir leis an FTO a threorú trí an dhúshláin bhlianta COVID-19. Rinne an Dr Aidan Clerkin, a ceapadh mar POF Eatramhach ar fhágáil do Jude, cur i gcrích roinnt tuarascálacha taighde tábhachtacha a mhaoirsiú agus tá sé ag leanúint air go cumasach ag bainistiú ualach oibre dúshlánach an FTO go dtí go gceapfar POF nua.

Tá príomhról reachtúil ag an bhForas chun tacú le scoileanna a ndualgais faoin Acht Oideachais (1998) a chomhlíonadh maidir le tuairisciú do thuismitheoirí ar dhul chun cinn a leanaí. Baintear é seo amach go príomha trí thrialacha caighdeánaithe normthagartha a fhorbairt agus a fhoilsiú. Tá breac-chuntas sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar phríomhchinneadh straitéiseach foireann forbartha trialach tiomnaithe a bhunú chun trialacha ar líne agus páipéar-bhunaithe araon a athbhreithniú agus a athnuachan ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal agus chun cur leis an raon trialacha atá ar fáil ar fud an dá earnáil. Cinnteoidh an tionscnamh seo go léireoidh an raon trialacha atá ar fáil na hathruithe a rinneadh ar chlár scoile le blianta beaga anuas agus go mbeidh tacaíocht níos fearr ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí ó na trialacha chun tuairisciú go cruinn ar dhul chun cinn na ndaltaí. Beidh gné thábhachtach d'obair na foirne seo ag díriú ar leaganacha Gaeilge de na trialacha go léir a chur ar fáil chun tacú le measúnú i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta.

Le linn 2022, lean an Foras ar aghaidh ag bainistiú rannpháirtíocht na hÉireann i measúnuithe idirnáisiúnta ar dhaltaí áit ar éirigh le bainisteoirí taighde agus a bhfoirne taighde nuálaíochtaí agus oiriúnuithe a fhí isteach i ndearadh agus i riar na measúnuithe. Léiríonn comhoibriú idirnáisiúnta i dtionscadail taighde ar nós PIRLS, TIMSS agus PISA láithreach shuntasach leanúnach an FTO sa phobal taighde oideachais domhanda. Go háirithe, dearbhaíodh tuilleadh seasamh idirnáisiúnta an FTO le hiarrataí rialta ar chuariteanna staidéir agus le cuireadh a tugadh don FTO mórchomhdháil taighde idirnáisiúnta a eagrú.

Tá príomhról ag an FTO maidir le heolas a sholáthar d'fhorbairt beartais oideachais trí mheastóireacht a dhéanamh ar thionchar tionscnamh beartais agus clár. Leanadh den mheastóireacht ar fhoghlaím ghairmiúil múinteoirí (FGM) in 2022 le foilsiú tuarascálacha Chéim 3

agus críochnófar tuarascáil deiridh ar an staidéar 5 bliana seo in 2023. Beidh deireadh ansin leis an meastóireacht chuimsitheach ar thionchar ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla múinteoirí agus a mhéad a thugann siad aghaidh ar riachtanais múinteoirí, scoileanna agus daltaí.

Leanadh freisin le monatóireacht ar an gclár DEIS agus ar an gCreat Foghlama Digiteach, mar a tharla i gcás na meastóireachta rithabhachtach ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Bhí dúshlán ar leith ag baint leis an staidéar deiridh seo toisc deacrachtaí a bhain le foireann taighde a earcú le leibhéil chuí inniúlachta sa Ghaeilge.

I measc na bhforbairtí suntasacha i réimse an rialachais a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo tá tabhairt isteach bheartas Oibrithe Cumaisc an FTO in 2022, atá dírithe ar fholláine agus ar tháirgiúlacht na foirne a fheabhsú trí shocruithe solúbtha oibre a chur chun cinn agus trí Phlean d'Oibrithe a choimisiúnú.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do dhúthracht eisceachtúil an Dr Denise Burns le linn a téarma mar Chathaoirleach Gníomhach ar an FTO agus go háirithe as a cuid oibre ullmhúcháin chun POF nua earcú, tar éis imeachta an Dr Jude Cosgrove. Gabhaim buíochas ó chroí freisin le comhchomhaltaí an bhoird, an tOllamh Michael Martin agus an Dr Sharon Feeney, as a gcuid saineolais agus tacaíochta agus leis an Uasal Ray Mooney as a cheannaireacht ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Thar ceann an bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Damian Downes as a éifeachtúlacht ina ról mar rúnaí an bhoird. Mar fhocal scoir, is mór againn gairmiúlacht, díograis agus tiomantas fhoireann uile an FTO agus táim go mór faoi chomaoin acu as a nuálaíocht agus a ngairmiúlacht leanúnach.

Acrainmneacha agus giorrúcháin

CIR (ARC)	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
ARC&C (C&AG)	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
POF (CEO)	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
FGL (CPD)	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
POS (CSO)	An Phríomh-Oifig Staidrimh
OCBÁC (DCU)	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
DEIS (DEIS)	Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna
ROS (DES)	An Roinn Oideachais agus Scileanna
CFD (DLF)	Creat Foghlama Digití
RO (DoE)	An Roinn Oideachais
DOTS (DOTS)	Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach
BTB (EAL)	Béarla mar Theanga Breise
FTO (ERC)	An Foras Taighde ar Oideachas
SASG (GSR)	An Scéim Aitheantais na Scoileanna Gaeltachta
AOF (HEO)	Ardoifigeach Feidhmiúcháin
AD (HR)	Acmhainní Daonna
IEA (IEA)	An Cumann Idirnáisiúnta um Measúnú Gnóthachtála Oideachais
IJE (IJE)	Irish Journal of Education
CIT (IRC)	Comhdháil Idirnáisiúnta Taighde
TF(IT) / TFC(ICT)	Teicneolaíocht Faisnéise - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
MMS (LSA)	Measúnú ar Mhórsála
NAMER (NAMER)	Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla
CNCM (NCCA)	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CNOS (NCSE)	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
SNSO (NEPS)	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
ECFE (OECD)	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
SFGM (PDST)	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PIAAC (PIAAC)	An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach
PIRLS (PIRLS)	Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta
PISA (PISA)	An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn
PO (PO)	Príomhoifigeach
PPADe (PPADe)	Measúnú agus Diagnóis Iar-bhunscoile – Béarla
EFT (RPO)	Eagraíochtaí Feidhmíochta Taighde
CSS (SEC)	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
RSO (SEN)	Riachtanas Speisialta Oideachais
IR (SI)	Ionstraim Reachtúil
RRI (SIC)	Ráiteas ar Rialú Inmheánach
SPSS (SPSS)	Pacáiste Staidrimh do na hEolaíochtaí Sóisialta
TIMSS (TIMSS)	Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta
FGM (TPL)	Foghlaim Ghairmiúil an Mhúinteora
OL (UL)	Ollscoil Luimnigh

Caibidil 1: Maidir leis An Foras Taighde ar Oideachas

Réamhrá

Tá aitheantas idirnáisiúnta ag an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) mar lárionad barr feabhais do thaighde, measúnú agus meastóireacht san oideachas. Cé gur bunaíodh an FTO i 1966 i gColáiste Phádraig Droim Conrach, níor bunaíodh é mar chomhlacht reachtúil neamhspleách go dtí mí Mheán Fómhair 2015, faoi Alt 54 den Acht Oideachais, 1998.

Leanann an Foras ag feidhmiú ó áitreabh saintógtha atá lonnaithe ar Champas Phádraig OCBÁC i nDroim Conrach i mBaile Átha Cliath. Tá a Roinn Tástála lonnaithe in aice láimhe ar Bhóthar Richmond.

Tá obair an FTO á threorú ag an misean agus na feidhmeanna atá leagtha amach ina Ionstraim Reachtúil (IR 392 de 2015). Déanann an Foras taighde ag gach leibhéal den chóras oideachais. Déantar taighde thar ceann na Roinne Oideachais, ar iarratas ó ghníomhaireachtaí eile agus ar thionscnamh fhoireann an FTO féin.

Soláthraítear seirbhís mheasúnaithe freisin trí, mar shampla, trialacha caighdeánaithe a chur ar fáil do scoileanna. Foilsíonn an FTO an Irish Journal of Education freisin. (Tag Aguisín 2 – Feidhm an Fhorais)

Baineann an tuarascáil seo, atá á cur faoi bhráid an Aire Oideachais ag Bord an Fhorais de réir Alt 52 den Ordú Bunaithe, leis an mbliain 2022.

An Plean Straitéiseach

Chlúdaigh céad phlean straitéiseach an FTO an tréimhse 2019 – 2021, a tharla ag an tréimhse aistrithe agus athraithe, ní hamháin ó thaobh rialachais agus struchtúir an FTO, ach freisin i gcomhthéacs na paindéime COVID-19.

I mí Márta 2022, thug an FTO isteach a dara Plean Straitéiseach 2022 - 2024 atá ar fáil anseo: [24-ERC-Strategic-Plan-2022-A4 English.pdf](#).

Forbraíodh an plan i gcomhairle leis an bhfoireann uile, an Bord, an Roinn Oideachais (RO) agus le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara seachtracha eile.

Cuirtear feidhmeanna agus cuspóirí an Phlean Straitéiseach in iúl i bhFís **Straitéiseach** an FTO: sármhaitheas maidir le taighde, meastóireacht agus measúnú oideachais a dhéanamh agus a thacú.

Tá trí chuid i **Misean** an FTO, bunaithe ar a Ordú Bunaithe:

- Taighde, measúnú agus staidéir mheastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách, a bhíonn tráthúil, so-aimsithe agus ábhartha, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, a dhéanamh agus a scaipeadh;
- Measúnuithe ardcháilíochta a fhorbairt agus seirbhísí tacaíochta láidre don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais; agus
- Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim a roinnt agus chun acmhainn agus saineolas a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.

Tá luachanna an FTO bunaithe ar **sé chroíluach**:

- luach ar cháilíocht, ábharthacht, inrochtaineacht agus tionchar ár gcuid oibre;
- luach ar iontaobh agus muinín an phobail ionainn;

- luach agus meas ar fhoghlaimeoirí, tuismitheoirí, oideachasóirí agus páirtithe leasmhara, agus ar a chéile;
- an tábhacht a bhaineann le hinfheistiú i saineolas, tacaíocht agus folláine na foirne;
- an tábhacht a bhaineann le hobair bhuíne, le caidrimh agus le hobair chomhoibritheach;
- agus ár dtiomantas do luachanna na seirbhíse poiblí.

Tá obair an FTO tacaíthe ag **cúig threoirphrionsabal**:

- cáilíocht, ábharthacht agus tionchar;
- an chothromaíocht idir inbhuanaitheacht agus forbairt;
- aillíniú le tosaíochtaí náisiúnta agus forbairtí idirnáisiúnta mar bhonn eolais;
- spiorad comhoibritheach i gceannaireacht agus in obair bhuíne araon;
- agus ionchuimsitheacht agus meas.

Tá cuspóirí an dara plean straitéiseach eagraithe de réir na dtrí théama **cobhsú, breisiú agus nuálú**:

- **Cobhsú** chun solúbthacht a fháil don timpeallacht oibre; don timpeallacht fhisiceach agus don bhonneagar; agus do staidéir agus seirbhísí taighde, meastóireachta agus measúnaithe, mar fhreagairt ar dhúshlán acmhainní agus ar phaindéim COVID-19
- **Breisiú**, neartú agus feabhsú ar rialachas corparáideach agus comhlíonadh; ar fhorbairt agus seachadadh trialacha; agus ar anailís agus tuairisciú
- **Nuálú** a thabhairt chuig táirgí agus seirbhísí; teicneolaíocht, uirlisí agus ionstraimí; agus eolas agus modhanna

Céimeanna agus Cuspóirí Ardleibhéil

Tagann an Plean chun cinn thar na trí bliana (2022-2024) agus na trí chéimeanna.

Forluíonn agus gearrann na céimeanna thar feidhmeanna eagraíochtúla. Is réamhtheachtaí é Cobhsú don Breisiú, agus is réamhtheachtaí é sin roimh Nuálú. Féadfaidh céimeanna éagsúla a bheith i bhfeidhm ag am ar leith, ag brath ar an bhfeidhm eagraíochta atá á breithniú.

Tá na céimeanna á dtiomáint ag teaghlaim de:

- (i) **Comhairliúchán** – thar gach céim ach go háirithe sa chéim chobhsaithe, dul i gcomhairle go forleathan leis an bhfoireann; agus thar gach céim, tosaíocht a thabhairt do dhul i dteagmháil lenár bpríomh ngeallsealbhóirí, go háirithe ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí – chun ár n-aschur agus ár seirbhísí a fheabhsú
- (ii) **Éifeachtacht** – thar gach céim, déanaimid ár ndícheall éifeachtacht a bhaint amach, trí phleanáil ghnó chomhleanúnach, trí chomhoibriú, trí chéimeanna agus/nó próisis sreafa oibre a laghdú/a chuíchóiriú, agus trí úsáidí oiriúnacha agus éifeachtacha na teicneolaíochta
- (iii) **Sármhaitheas** – trasna na gcéimeanna cobhsú agus breisiú, agus ansin an fhoghlaim uathu seo a úsáid mar bhonn don chéim nuálaíocht, ag tógáil ar a bhfuil foghlamtha againn, ag lorg cur chuige agus réitigh go gníomhach chun ár mbealaí oibre a fheabhsú.

An Fhoireann

Ag mí na Nollag 2022, bhí faomhadh ag an FTO do 46 ball foirne coibhéis lánaimseartha. Áirítear leis seo trí chonradh a bhí luaite go sonrach le tionscadail taighde neamh-thimthriallach. Tá foireann feidhmeannais ag an FTO atá treoraithe ag Príomhfheidhmeannach (PFO) Eatramhach, An Dr Aidan Clerkin. Tá struchtúr na heagraíochta léirithe sa Chairt Eagraíochtúil ag Figiúr 1.

Feidhmeannacht

Dr Aidan Clerkin	POF Eatramhach
Damian Downes	Príomhoifigeach
Anne Comey	Príomhoifigeach Cúnta
Peter Kennedy	Príomhoifigeach Cúnta
Dr Rachel Perkins	Comhalta Taighde
Dr David Millar	Comhalta Taighde
Dr Lorraine Gilleece	Comhalta Taighde
Dr Emer Delaney	Comhalta Taighde
Dr Brenda Donohue	Comhalta Taighde

Seo a leanas an fhoireann mar a bhí i 2022:

Foireann Taighde

Dr Aidan Clerkin (Ón 1 Bealtaine 2022)	POF Eatramhach
Dr Jude Cosgrove (Chríochnaigh 30 Aibreán 2022)	POF
Dr Gerry Shiel (Ar Scor Nollaig 2020 – SASG amháin)	Comhalta Taighde
Dr Rachel Perkins	Comhalta Taighde
Dr Aidan Clerkin (Go dtí 30 Aibreán 2022)	Comhalta Taighde
Dr Lorraine Gilleece	Comhalta Taighde
Dr David Millar	Comhalta Taighde
Dr Brenda Donohue (Ón 2 Meitheamh 2022)	Comhalta Taighde
Dr Mary Lewis	Comhlach Taighde
Dr Emer Delaney	Comhlach Taighde
Ms Rachel Cunningham	Comhlach Taighde
Ms Caroline McKeown (Briseadh Gairme ó 17/04/2020)	Comhlach Taighde
Dr Lauren Kavanagh (Briseadh Gairme ó 16/01/2019)	Comhlach Taighde
Mr Adrian O'Flaherty	Comhlach Taighde
Sylvia Denner	Comhlach Taighde
Joanne Kiniry	Comhlach Taighde
Dr Brenda Donohue (Go dtí 30 Bealtaine 2022)	Comhlach Taighde
Dr Sharon Nelis	Comhlach Taighde
Dr Caroline Rawdon	Comhlach Taighde
Mary Delaney	Comhlach Taighde
Jessica Surdey (1 Meitheamh 2022 go 30 Samhain 2022)	Comhlach Taighde
Eva Moran	Comhlach Taighde
Sarah McAteer	Comhlach Taighde
Fionnuala Short (Briseadh Gairme ó 18 Eanáir 2022)	Comhlach Taighde
Theresa Walsh	Comhlach Taighde
Alice Duggan	Comhlach Taighde
Caitriona Fitzgerald (Briseadh Gairme ó 1 Márta 2023)	Comhlach Taighde
Conall Ó Duibhir	Comhlach Taighde
Anastasios Karakolidis	Comhlach Taighde
Emmet Feerick	Comhlach Taighde

Gráinne McHugh
George Piccio
Helena Ní Rocháin
Brendan O'Neill
Dr Vasiliki Pitsia
Eimear Heffernan (Ón 17 Eanáir 2022)
Natasha Toole
Keishia Taylor (Ón 17 Deireadh Fómhair 2022)

Comhlach Taighde
Comhlach Taighde
Comhlach Taighde
Comhlach Taighde
Comhlach Taighde
Comhlach Taighde
Comhlach Taighde
Comhlach Taighde

Foireann TF & Riaracháin


Damian Downes
Anne Comey
Peter Kennedy
John Coyle
Patricia Gaffney
Claire Kenny (Ón 7 Feabhra 2022)
Blána Kelly (Ar Scor 28 Eanáir 2022)
Imelda Pluck
Leo Devlin
Lynn Jackson
Marie Jones (Chríochnaigh 13 Aibreán 2022)
Hertz O'Flynn (Ón 28 Aibreán 2022)
Cian Ó Raghallaigh
Padraig O'Reilly (Ón 21 Márta 2022)

Príomhoifigeach
Príomhoifigeach Cúnta
Príomhoifigeach Cúnta
Riarthóir Córais
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais

Ag Nollaig 31, 2022 is é an leibhéal foirne a bhí ann ná 38.20 CLA.

Tá eolas breise ar fhoireann an FTO ar fáil ar ár suíomh gréasáin: <https://www.erc.ie/about/staff>

Figióir 1. Cairt Eagrúcháin don FTO, 2022



Caibidil 2: 2022 Clár oibre agus aschuir

Tá Clár Oibre reatha an FTO ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag <https://www.erc.ie/programme-of-work>. Faoi láthair, tá obair an FTO dírithe go príomha ar oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá ról ag an FTO mar ionadaí na hÉireann ar an mBord Rialaithe Idirnáisiúnta do Chlár an ECFE um Mheasúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (PIAAC) ach, seachas sin, níl aon taighde, meastóireacht ná measúnú á dhéanamh faoi láthair ag an FTO ag na leibhéil réamh-bhunscoile ná iar-iarbhunscoile. Mar sin féin, bhí an FTO gafa le hobair sna réimsí seo san am atá thart agus d'fhéadfadh a leithéid tarlú arís má thagann deiseanna ábhartha chun cinn.

Is féidir, i gcoitinne, gníomhaíochtaí an FTO a chatagóiriú i seacht bpríomhshnáithe:

1. Bainistíocht, maoirseacht agus tuairisciú ar mheasúnuithe náisiúnta ar mhórsála.¹
2. Maoirseacht, seachadadh agus tuairisciú náisiúnta ar mheasúnuithe idirnáisiúnta mórsála.²
3. Cur le polasaí ar, agus meastóireacht a dhéanamh maidir le, míbhuntáiste oideachais.
4. Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú (i bhformáidí páipéir agus ar líne araon).
5. Meastóireacht clár.
6. Anailís sonraí agus tacaíocht anailíse do ghníomhaireachtaí eile.³
7. Taighde a tionscnaítear go neamhspleách.

Tá formhór na staidéar taighde atá ar siúl ag an FTO faoi láthair á ndéanamh thar ceann na Roinne Oideachais. D'fhéadfadh go mbeadh staidéir eile a ndéanamh thar ceann ghníomhaireachtaí na Roinne, ar nós CNCM, CSS, nó CNOS, nó i gcomhar le heagraíochtaí agus daoine aonair eile – mar shampla, comhoibrithe le déanaí le SNSO agus le comhghleacaithe in OCBÁC agus in Ollscoil Luimnigh, i measc rudaí eile. Ina theannta sin, tionscnaíonn an FTO a shnáitheanna taighde go neamhspleách, lena n-áirítear staidéir taighde PhD agus tionscadail neamhspleácha taighde eile.

Sa chaibidil seo tá achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh in 2022 maidir leis na Gníomhaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2022-24 an FTO, a foilsíodh i mí Aibreáin 2022.

Tá achoimre ardleibhéil i dTábla 1 ar an dul chun cinn sna Gníomhartha le linn 2022. Mar a léirítear sa tábla, cé go bhfuil dul chun cinn déanta nó curtha i gcrích i roinnt réimsí, tá gníomhartha eile ann nach bhfuil an dul chun cinn chomh mór agus a bhí beartaithe i dtosach báire ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear athruithe foirne agus dúshlán maidir le soláthar acmhainní leordhóthanacha do thionscadail. Dhá mhórpoinnte suntasach a chur leis na dúshlán seo ná (a) Príomhfheidhmeannach an FTO a bheith imithe ag deireadh mhí Aibreáin 2022, agus POF Eatramhach ceaptha (agus fós i bpost ag Meán Fómhair 2023) go dtí go mbeidh POF nua ceaptha ag an mBord; agus (b) moilleanna suntasacha a bhain le ceapadh gnáthchomhaltaí Boird ar Bhord an FTO. Tá tionchar na ndúshlán seo le feiceáil i bpáirt i dTábla 1 thíos, ina luaitear gur cuireadh moill ar go leor gníomhartha mar thoradh ar an dul chun cinn mall i réiteach na ndúshlán seo. Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt gníomhartha spleách ar rannpháirtíocht leanúnach idir an FTO agus an RO, iad ag brath ar phríomhchinntí a bheith dearbhaithe go tráthúil chun go rachaidh an clár oibre comhaontaithe ar aghaidh de réir an sceidil.

¹ Faoi láthair tá Éire páirteach sa Staidéar ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht agus Léamh Idirnáisiúnta (PISA), agus sa Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta i Matamaitic agus in Eolaíocht (TIMSS), ghlac sí páirt cheana sa Staidéar Idirnáisiúnta ar Shaoránaíocht agus ar Shaorántacht (ICCS) agus sa Suirbhé Idirnáisiúnta um Theagasc agus Foghlaim (TALIS).

² Go príomha, Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (NAMER) ach d'fhéadfadh staidéir eile a bheith i gceist sa todhchaí.

³ Mar shampla, anailís go leanúnach ar shonraí tinrimh agus ar ionchur anailíseach TUSLA i samhail leithdháileadh-acmhainne na ROS do riachtanais speisialta oideachais.

Toisc shuntasach sa chomhthéacs seo is ea staid reatha foirne an FTO agus acmhainn an FTO a fhreagrachtaí go léir a chomhlíonadh go tráthúil ar na hardchaighdeáin a bhfuiltear súil leo ón bhfoireann. Bhí mór-athbhreithniú seachtrach ar fhórsa oibre an FTO, arna stiúradh go neamhspleách ag Mazars, ag tarlú le linn R4 2022 agus cuireadh é faoi bhráid na Roinne Oideachais ina dhiaidh sin in 2023. Is é aidhm an athbhreithnithe seo treoir sheachtrach a sholáthar maidir leis na leibhéil foirne a d'fhéadfaí a bheith ag súil leo nó de dhíth go réasúnta ionas gur féidir leis an FTO a dhualgais reatha a chomhlíonadh go cuí, gan éilimh mhíchuí nó mhírreasúnta a chur ar an bhfoireann. Tagann sé seo i ndiaidh athbhreithnithe neamhspleácha ar fhoireann agus eagraíocht an FTO roimhe seo, lena n-áirítear ceann a cuireadh faoi bhráid na Roinne in Earrach na bliana 2019 inar moladh méaduithe foirne agus roinnt feabhsuithe eagraíochtúla, agus ónar tháinig roinnt dul chun cinn ina dhiaidh sin maidir le feidhmeanna riaracháin agus comhlíonta an FTO a threisiú (m.sh., le ceapadh ról nua bainisteora TF agus Príomhoifigeach chun feidhmeanna rialachais a mhaoirsiú). Is léiriú, áfach, an raon dúshlán a tháinig chun cinn in 2022 – lena n-áirítear sna réimsí dlí, comhlíonta, cosaint sonraí, comhroinnt sonraí, soláthar seirbhísí Gaeilge, folláine agus coinneáil foirne, forbairt ghairmiúil foirne, agus aschuir thaighde – ar an ngá atá le fócas leanúnach breise struchtúir foirne agus eagrúcháin an FTO a fheabhsú chun a chinntiú go mbíonn an FTO comhlíontach ar an uile dhóigh mar eagraíocht reachtúil óg.

In 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach i sainréimse amháin d'obair an FTO, nuair a ceapadh don chéad uair croífhoireann thiomnaithe taighde chun díriú ar obair fhorbartha maidir le trialacha nua. Tá athstruchtúrú déanta freisin ar bhainistíocht chóras trialach ar líne DOTS an FTO chun seirbhísí tástála ar líne an FTO a ailíniú níos dlúithe lenár dtástáil pháipéir-bhunaithe, an dá cheann acu faoi mhaoirseacht Roinn na dTrialacha. Tá cuid mhór den chlár oibre tosaigh don fhoireann forbartha trialacha nua dírithe go háirithe ar shraith trialacha atá dírithe ar na gaelscoileanna agus ar phobal na Gaeilge a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta. Tugadh suntas i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo don ghá a bhí ann an dá ghné seo – forbairt trialacha i gcoitinne, agus soláthar seirbhísí Gaeilge ag an FTO – a neartú. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, gur léirigh iarrachtaí leanúnacha an FTO foireann taighde le cumas Gaeilge a earcú ag leibhéal an Chúntóra Taighde agus an Chomhlaigh Taighde araon na deacrachtaí a bhaineann le hearcaíocht dá leithéid sin, agus léiríodh, thar roinnt feachtas earcaíochta, ganntanas iarratasóirí a bhfuil cumas leordhóthanach sa Ghaeilge mar aon le cúlra taighde acu. Cruthaíonn an deacracht seo ábhar imní freisin d'obair an FTO i réimsí eile, an obair mheastóireachta leanúnach ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (GSRS) ach go háirithe, a éilíonn freisin foireann taighdeoirí oile le hinniúlacht sa Ghaeilge. Leanann an FTO ag iniúchadh roghanna chun cur le cumas Gaeilge ár bhfoirne, lena n-áirítear pleananna chun cúrsaí Gaeilge agus breisoiliúint sa Ghaeilge ag gach leibhéal a chur ar fáil don fhoireann reatha ar fad.

Ar bhonn níos ginearálta, tá an FTO gann ar fhoireann fós ó thaobh foirne taighde i gcoibhneas leis an ualach oibre taighde. Faoi láthair, tá oiread éileamh ar an bhfoireann taighde go bhfuil moill shuntasach tagtha ar thuairisciú ar roinnt tionscadal (m.sh., TIMSS, PIRLS, PISA, NAMER, DEIS, TPL, DLF) mar gheall ar éilimh iomaíocha tionscadail agus éilimh eile ar fhoirne tionscadail (m.sh., athruithe breise neamhphleanáilte ar an gclár oibre atá á éileamh ag an Roinn Oideachais, nó baill foirne nach bhfuil fáil orthu toisc saoire bhreiteachta agus gan fáil a bheith ar fhoireann ionadaíochta). Ina theannta sin, tá éilimh ar fhoireann riaracháin agus comhlíontach an FTO agus iad ag tacú le hobair thaighde an Fhorais (m.sh., maidir le cosaint sonraí, comhroinnt sonraí, saincheisteanna dlí, soláthar agus bainistíocht conarthaí, agus saincheisteanna dlíthiúla, eiticíúla, praiticiúla agus teicniúla iniúchadh, a bhaineann le húsáid fhéideartha na hintleachta saorga in obair an FTO) atá an-suntasach agus neamh-inmharthana don leibhéal foirne atá ar fáil faoi láthair. Dá réir sin tá ábhair imní mhóra ag bord agus ag bainistíocht an FTO maidir le tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach na n-éileamh seo ar fholláine foirne, ar fhorbairt foirne agus ar choinneáil foirne. Mar a luadh thuas, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar fhoireann agus an struchtúr an FTO le linn 2022 agus cuireadh faoi bhráid Bhord an FTO agus na Roinne Oideachais é go luath in 2023 chun iad a

chur ar an eolas faoi fheabhsuithe atá de dhíth sa réimse seo chun a chinntiú go dtuairiscítear go hiomlán agus go tráthúil sa todhchaí ar obair thionscadail an FTO sa todhchaí.

In ainneoin na ndúshlán seo, tá caighdeán oibre den scoth coinnithe ag foireann an FTO. Tá rogha de na haschuir taighde, comhdhála agus forbairt tástála ar fáil ag deireadh na caibidle. Léiríodh freisin seasamh an FTO mar lárionad sármhaitheasa idirnáisiúnta nuair a fuarthas iliomad iarratas ar chuairteanna staidéir ar an FTO ó lucht déanta beartas agus taighdeoirí ó dhlínsí eile, lena n-áirítear cuairteoirí in 2022 ón Spáinn, ón gCatalóin, ón mBeilg, ó Shasana, ón bPalaistín, agus tSeapáin. Ar an gcaoi chéanna, ghlac taighdeoirí an FTO príomhróil maidir le roinnt mór-chomhdhálacha idirnáisiúnta a eagrú in 2022, ónar tháinig comhdhálacha an Chomhlachais Eorpaigh um Thaighde in Ógántacht, an Chomhdháil Eorpach ar Litearthacht, agus an An Comhlachas um Measúnú Oideachais – An Eoraip go hÉirinn in 2022. Thoiligh an FTO freisin, ar ghearrfhógra tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin san earrach 2022, dualgais óstála a ghlacadh don 10ú Comhdháil Idirnáisiúnta Taighde de chuid an IEA (An Cumann Idirnáisiúnta um Measúnú ar Ghnóthachtálacha Oideachais) in 2023, chun tacú lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta⁴. Tá tuairisciú ar chomhdháil 2023 seo lasmuigh de raon feidhme thuarascáil bhliantúil reatha 2022, seachas a thabhairt le fios go hachomair gur éirigh go geal leis an imeacht.

Gné amháin dár bpatrún oibre a chuidigh le tacú le riachtanais na foirne ab ea tabhairt isteach chéad bheartas an FTO don Oibriú Cumaisc in 2022 agus teacht chun cinn na hoibre solúbtha ag an FTO. Tá na chéad chomharthaí ag tabhairt le fios gur chuidigh solúbthacht an FTO maidir le hobair chumaisc ar an láthair agus ón láthair leis na leibhéil arda táirgiúlachta agus tiomantais a thagann ón fhoireann go rialta, agus ag an am céanna go gcothaítear cothromaíocht oibre is saoil níos fearr don fhoireann. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar bhonneagar TF agus AD an Fhorais chun a chinntiú go mbeidh uirlisí agus oiliúint chuí ar fáil don fhoireann go léir chun ionad oibre táirgiúil agus sláintiúil a chothabháil.

⁴ Bhí comhdháil idirnáisiúnta 2023 an IRC le bheith ar siúl i Moscó.

Tábla 1. Athbhreithniú ar ghlomhaíochtaí an FTO in 2022 faoi Spriocanna agus Gníomhaíochtaí Phlean Straitéiseach 2022-24
Tabhair faoi deara: sraitheanna i scáthú liath ar an scideal don ghlomhú in 2023 nó 2024.

Sprioc	Gníomhaíochtaí	Amlíne	Spleáchais	Stádas ag deireadh 2022
1: I gcomhar leis an Roinn, struchtúr agus plean acmhainní inmharthana, ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre	1.1. I gcomhar leis an Roinn, príomhghnéithe de struchtúr agus plean acmhainní ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre	R2 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)	Moili; ag brath ar fhreagairt na Roinne ar athbhreithniú Mazars ar an bPlean Fórsa Saothair.
	1.2. Plean lucht saothair a athbhreithniú agus a nuashonrú	R3 2022		Idir lámha ag deireadh 2022; críochnaithe R2 2023.
	1.3. I gcomhar leis an Roinn, plean acmhainne ilbhliana a thabhairt chun críche	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)	Moili; ag brath ar fhreagairt na Roinne ar athbhreithniú Mazars ar an bPlean Fórsa Saothair.
	1.4. Monatóireacht/nuashonrú a dhéanamh ar plean acmhainne ilbhliana agus ar plean lucht saothair de réir mar is gá	R4 2023, R4 2024, níos minice de réir mar is gá	Spleách ar an RO (acmhainní)	Ag teacht aníos.
	1.5. Stádas RPO a éileamh ón IRC	R2 2023	Spleách ar an RO (acmhainní)	Ag teacht aníos.
	1.6. Córas rianaithe a chur i bhfeidhm chun freagairtí straitéiseacha ar iarratais agus deiseanna taighde a chumasú	R1 2023	Spleách ar an RO (acmhainní)	Críochnaithe i R2 2022; faoi athbhreithniú leanúnach.
2: I gcomhar leis an Roinn, clár oibre an FTO d'fhorbairt agus do chaighdeánú trialacha a neartú d'fhonn staidéir forbartha tástála, a aithnítear le chéile mar ardtsaíocht, a chur i bhfeidhm	2.1. Clár oibre agus acmhainní Roinne d'fhorbairt/do chaighdeánú trialacha a athbhreithniú agus a chomhaontú	R3 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)	Críochnaithe: ceadú faighte R3 2022 don chéad chohórt foirne forbartha tástála nua.
	2.2. Agus an fhoireann ann, tús a chur leis an gcéad chéim den chlár oibre ar thrialacha a fhorbairt/a chaighdeánú	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)	Críochnaithe (ach go dteastaíonn coigeartú agus monatóireacht ar an gclár oibre atá beartaithe toisc ceadú foirne níos ísle ná mar a iarradh).
	2.3. I gcomhar le soláthraí measúnaithe ar líne, éifeachtachtaí sreafaí oibre d'fhorbairt trialacha a shainiú agus a chur i bhfeidhm	R4 2022	Spleách ar sholáthraithe seachtracha (bainistíocht caidrimh/conartha)	Idir lámha; faoi athbhreithniú leanúnach.

3: Freagairt inbhuanaithe agus seasmhach a bhunú ar COVID-19 a ionchorpraíonn monatóireacht leanúnach agus bainistíocht riosca agus polasaí oibre cumaisc fadtéarmach	3.1. Monatóireachta a dhéanamh ar thionchair COVID-19 ar amlínte, buiséid, nósanna imeachta, aschuir, soláthraithe	R1 2022, Leantach	Spleách ar sholáthraithe seachtracha (bainistíocht caidrimh/conartha)	Idir lámha; faoi athbhreithniú leanúnach.
	3.2. Comhairliúchán foirne a thabhairt chun críche ar pholasaí oibre cumaisc	R2 2022		Críochnaithe.
	3.3. An chéad leagan den pholasaí oibre cumaisc a thabhairt chun críche	R2 2022	Spleách ar threoirlínte náisiúnta agus tuismitheora Roinne (comhlíonadh)	Críochnaithe R4 2022.
	4.1. Tionscadail phráinneacha bonneagair TF a thabhairt chun críche	R4 2022	Spleách ar sholáthraithe seachtracha (bainistíocht caidrimh agus conartha)	Idir lámha; faoi athbhreithniú leanúnach.
	4.2. Sraith polasaithe TF agus tacaíochtaí oiliúna ábhartha a thabhairt chun críche	R4 2022		Idir lámha.
	4.3. Doiciméad straitéise TF a thabhairt chun críche	R2 2023		Idir lámha.
5: Straitéis agus measúnaithe a bhunú a thrasnaíonn measúnuithe ar mhórsála, meastóireachtaí, agus forbairt trialacha agus seirbhísí tástála do ghníomhaíochtaí scoile agus a chuimsíonn snáithe modheolaíochtaí analíse agus naisc leis an straitéis FTO	5.1. Snáitheanna den obair fhorbartha tástála atá ann cheana féin a thabhairt chun críche/a chríochnú: bunscoil	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)	Críochnaithe i bpáirt; moill ar roinnt snáitheanna toisc srianta foirne
	5.2. Snáitheanna den obair fhorbartha tástála atá ann cheana féin a thabhairt chun críche/a chríochnú: iar-bhunscoil	R4 2023	Spleách ar an RO (acmhainní)	Ag teacht aníos.
	5.3. Ceann Taighde agus Oibriochtaí a earcú (PO)	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh)	Moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	5.4. Clár oibre/tosaíochtaí forbartha measúnaithe agus tástála ar mhórsála a bhunú	R2 2023	Spleách ar an RO agus ar gheallsealbhoir seachtrach (comhairliúcháin)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	5.5. Cartlann sonraí tástála FTO agus plean analíse cuimsitheach bainteach leis a bhunú	R2 2023	Spleách ar an RO (acmhainní)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	5.6. Tosaíochtaí analíse a shainithint agus iad a cheangal leis an straitéis FGL	R3 2023	Spleách ar an RO agus ar gheallsealbhoir seachtrach (comhairliúcháin)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.

6: Straitéis FGL a bhunú a chuimsíonn contanam FGL, a chuireann comhoibriú chun cinn, agus a ionchorpraíonn rannpháirtíocht, coinneáil agus folláine	5.7. An doiciméad straitéise do thaighde agus measúnú a chríochnú	R2 2024	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	5.8. Iniúchadh ar riarachán féideartha ar líne a dhéanamh don chéad bhabhta eile de NAMER (lena n-áirítear roghanna ró-shamplála, buntáistí agus dúshláin a bhaineann le haistriú go riarachán ar líne)	R4 2023	Spleách ar an RO agus ar gheallsealbhoir seachtarach (comhairliúcháin)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	5.9. I gcomhar leis an Roinn, clár nuálach monatóireachta bliantúil a fhorbairt bunaithe ar thorthaí tástála caighdeánaithe	R3 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus comhairliúcháin)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	5.10. Cuir chuige modheolaíochta agus anailíseach nuálacha a chur i bhfeidhm ar thacair sonraí atá ann cheana, m.sh. obair thaiscéalaithe in anailís bhráise, mianadóireacht sonraí, anailís ar leibhéal míre ar mhíreanna tástála LSA	R2 2024, Leantach		Idir lámha.
	6.1. Maitrís scileanna nuashonraithe a chomhlánú	R1 2023		Ag teacht aníos.
	6.2. Comhairliúchán foirme ar fhorbairt agus ar rannpháirtíocht ghairmiúil agus phearsanta, agus ar fholláine, a chríochnú	R1 2023		Ag teacht aníos.
	6.3. An doiciméad straitéise FGL a chríochnú	R3 2023		Ag teacht aníos.
	6.4. Coiste folláine FTO a bhunú	R3 2023		Ag teacht aníos.
	6.5. Grúpa oibre amháin nó níos mó a bhunú chun foghlaim chomhroinnte ar thopaicí ar leith a chur chun cinn le naisc chomhoibriocha chuí le heagraíochtaí eile, nuair is cuí	R2 2024, leantach		Idir lámha (m.sh., treoracha inmheánacha a fhorbairt chun SPSS agus R a úsáid le haghaidh anailíse).
	7.1. Comhairliúchán le geallsealbhoir ar straitéis chumarsáide a chríochnú	R1 2024	Spleách ar an RO agus ar gheallsealbhoir seachtarach (comhairliúcháin)	Ag teacht aníos.
7: Straitéis chumarsáide a bhunú a thugann tosaíocht				

don fheasacht agus don teagmháil leis an lucht éisteachta, le grúpaí Gaeilge, RSO agus BTB	7.2. Doiciméad straitéise cumarsáide a chríochnú a chuimsíonn cumarsáid inmheánach agus sheachtrach lena n-áirítear (i) scaipeadh trí ghrafaicí eolais nó trí mhodhanna neamhtheicniúla eile chun pobal níos leithne a rochtain, (ii) teagmháil a dhéanamh le múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí trí úsáid a bhaint as físeáin nó as modhanna dinimiciúla eile, (iii) aschuir Ghaeilge, (iv) eolas a scaipeadh i bhfóiraim theicniúla, thaighde agus acadúla, agus (v) aschuir lena n-áirítear trialacha agus suirbhéanna do ghrúpaí RSO agus BTB	R3 2024	Spleách ar an RO (acmhainní)	Ag teacht aníos.
	7.3. Cuir chuige nuálacha agus comhoibriocho maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana agus scaipthe a bhreithniú, m.sh. rannpháirtíocht le daoine óga; fóram measúnaithe bliantúil nó débhlíantúil arna eagrú ag an FTO	R3 2024, leantach	Spleách ar an RO (acmhainní)	Ag teacht aníos.
8: Éifeachtachtaí breise a bhaint amach maidir le staidéir thaighde agus mheastóireachta a riar	8.1. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí obair bhuíne	R2 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.2)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	8.2. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí theicneolaíochtaí digiteacha	R3 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	8.3. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí bhealaí rialachais sonraí	R3 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
9: Tógáil ar an gComhaontú le OCBÁC agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir	9.1. Ceadúnas d'oibreacha le OCBÁC a bhunú	R4 2022	Spleách ar OCBÁC (comhaontuithe)	Idir lámha; moill.
	9.2. Oibriú le foireann ailtire, sonraíochtaí a bhunú do thionscadail tógála	R4 2022		Idir lámha; moill.

Le rialtacht ar úinéireacht foirgneamh na Roinne Tástála d'fhonn feabhsuithe práinneacha a dhéanamh ar bhonneagar fisiceach an FTO	9.3. Oibriú le OCBÁC agus le páirtithe ábhartha eile chun úinéireacht iomlán rialta ar an Roinn Tástála a bhunú	R4 2022	Spleách ar OCBÁC (comhaontuithe)	Idir lámha ag deireadh 2022; críochnaithe R2 2023.
	9.4. Oiriúnacht don fheidhm na Roinne Tástála a athbhreithniú chun cinneadh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile	R3 2023		Ag teacht aníos.
	9.5. Straitéis tógála 10-mbliana a bhunú	R1 2024		Ag teacht aníos.
	9.6. Tús a chur le hoibreacha tógála práinneacha (m.sh. ardaitheoir a shuiteáil, athchumrú na leabharlainne, athfheistiú na cistine)	R3 2023, Leantach	Spleách ar an RO (acmhainní)	Ag teacht aníos.
10: Struchtúir rialachais a neartú tuilleadh, le tosaíocht ag airgeadas, riosca agus iniúchadh, rialachas sonraí, agus AD	9.7. Raon feabhsuithe agus nuálaíochtaí a theastaíonn le haghaidh spriocanna inbhuanaitheachta 2030 a thosú agus a mhonatóireacht	R1 2024, Leantach	Spleách ar an RO (acmhainní)	Ag teacht aníos.
	10.1. Clár riosca straitéiseach cothrom le dáta agus córas monatóireachta dinimiciúil a bhunú	R4 2022		Moill.
	10.2. Sruthlíniú breise a bhaint amach ar chórais bhainistíochta airgeadais agus ar thuairisciú	R4 2022		Idir lámha: ceadú Cuntasóir AOF nua a fhostú chun bainistíocht airgeadais a fheabhsú.
	10.3. Comhráite leanúnach a choinneáil maidir le pinsin	R1 2022, Leantach	Spleách ar an RO agus an RCPA (comhaontuithe)	Idir lámha.
	10.4. Lámhleabhar AD a bhunú le sraith iomlán polasaithe agus nósanna imeachta AD, tacaíthe ag inlín na foirne	R4 2022		Idir lámha; moill.
	10.5. Liosta tosaíochtaí rialachais maidir le sonraí taighde a bhunú	R2 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	10.6. Feabhsuithe riachtanacha a bhaint amach maidir le polasaithe agus próisis rialachais sonraí	R2 2024	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)	Ag teacht aníos; moill go dtí go gceapfar POF fadtéarmach.
	10.7. Tús a chur le hobair ar réiteach fadtéarmach leabharlainne ar líne a bhunú don fhoireann taighde	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)	Idir lámha.

Tá achoimre thíos ar na príomh-aschuir taighde a baineadh amach in 2022. Tá tuilleadh eolais ar gach ceann de na staidéir seo ar fáil ar <https://www.erc.ie/programme-of-work>.

Measúnuithe idirnáisiúnta

- Críochnaíodh triail allamuigh TIMSS 2023, lena n-áirítear triail ar mhodh riaracháin digiteach nua, san earrach 2022. Leanadh leis na hullmhúcháin don phríomhstaidéar (sceidealta d'Earrach 2023) don chuid eile de 2022. Áiríodh leis na hullmhúcháin sin an-chuid ama a chaith taighdeoirí agus riarthóir ar cheisteanna comhroinnte sonraí a réiteach le comhlachtaí poiblí eile. Is le TIMSS 2023 a tharla an t-aistriú ó mheasúnú páipéarbhunaithe go measúnú digiteach in Éirinn, a éilíonn socruithe riaracháin i bhfad níos casta mar aon le fáil a bheith ar ríomhairí glúine agus tacaíocht theicniúil do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna rannpháirteacha.
- Bhí an dul chun cinn leis an obair ar anailís thánaisteach agus ar thuarascálacha scríofa ar shonraí TIMSS 2019 d'Éirinn, lena n-áirítear sonraí comhthéacsúla (ceistneoir) agus anailísí mír-leibhéal, mall ach b'éigean é a stopadh go minic toisc easpa foirne a bheith ar fáil. Bhí sé beartaithe ar dtús an obair seo a thabhairt chun críche in 2021 ach cuireadh moill uirthi toisc gan ach creatfhoireann a bheith ar fáil.
- Cuireadh i gcrích príomhstaidéar PISA 2022 – a tharla san fhómhar seachas san earrach don chéad uair in Éirinn – i R3-R4 2022. Tharla an t-aistriú seo go tástáil an fhómhair tar éis tuarascáil staidéir féidearthachta roimh ré a cuireadh faoi bhráid na Roinne in 2020 agus comhaontú leis an Roinn agus an ECFE. Is díol suntais é críochnú rathúil an bhailiúcháin sonraí seo i bhfianaise na ndúshlán a d'eascair maidir le rátaí freagartha na ndaltaí sa tréimhse díreach i ndiaidh Covid agus na riachtanais riaracháin ar nós tacaíocht theicniúil a sholáthar don tástáil i scoileanna. Déanfar tuairisciú tosaigh ar thorthaí PISA 2022 in 2023, agus déanfar tuairisciú tánaisteach ina dhiaidh sin.
- Leanadh leis an obair anailíse agus tuairiscithe ar phríomhstaidéar PIRLS 2021 (ar bailíodh sonraí ina leith i bhfómhar na bliana 2021) le linn 2022. Cuireadh foilsiú na tuarascála náisiúnta tosaigh ar athló tar éis chinneadh an IEA scaoileadh na dtorthaí idirnáisiúnta a chur siar ó mhí na Nollag 2022 go mí na Bealtaine 2023.
- Lean an FTO mar ionadaí na hÉireann ar Bhord na dTíortha Rannpháirteacha ar Chlár an ECFE um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (PIAAC) agus an staidéar allamuigh á chur i bhfeidhm ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.
- Tugadh roinnt cur i láthair páipéar agus comhdhála ag baint úsáide as sonraí TIMSS, PIRLS, agus PISA in 2022, mar aon le roinnt tuarascálacha foilsithe ag an FTO (liostaithe thíos).

Measúnuithe náisiúnta

- Is é NAMER 2021 an naoú atriail de mheasúnú náisiúnta na hÉireann, agus bhí roinnt gnéithe nuálacha san áireamh ann. Don chéad uair, rinneadh ró-shampláil ar scoileanna DEIS Uirbeach Banda 1 agus Banda 2 (seachas scoileanna tuaithe) chun measúnú níos láidre a dhéanamh ar thorthaí DEIS trí NAMER. Ina theannta sin, tá na modheolaíochtaí scálaithe atá beartaithe do NAMER 2021 níos casta ná mar a bhí i dtimthriallta roimhe seo, lena n-áirítear luachanna sochreidte ar thorthaí gnóthachtála a ghiniúint.
- Tar éis cur i bhfeidhm rathúil bhailiú sonraí phríomhstaidéir NAMER 2021 in 2021, leanadh leis an obair anailíse agus tuairiscithe i rith 2022. Cuireadh seoladh na dtorthaí tosaigh ó NAMER 2021 ar an sceideal do R1 2023, le tuairisciú leantach ina dhiaidh sin.

Forbairt, caighdeánú agus tacaíocht trialacha

- I R4 2022, tar éis faomhadh na Roinne agus earcaíocht leanúnach, bunaíodh foireann thiomanta nua chun oibriú ar fhorbairt trialacha nua. Beidh an fhoireann seo ag tosú le clár fairsing oibre chun trialacha nua a nuashonrú agus a fhorbairt, lena n-áirítear trialacha léitheoireachta Gaeilge, trialacha scagthástála agus diagnóiseacha luathlitearthachta agus luath-uimhearthachta i nGaeilge agus i mBéarla, agus leagan Gaeilge den triail PPAD-E.
- Comhtháthaíodh ardán ERC DOTS (Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach) chun tástálacha ar líne a sheachadadh faoi bhainistíocht Roinn Tástála an FTO i R3 2022, tar éis seoladh aonair an chórais in 2021. Mar a tharla in 2021, bhí foireann tacaíochta tiomnaithe FTO ar fáil chun cabhrú le scoileanna ar an nguthán agus trí ríomhphost chun DOTS a úsáid agus trialacha ar líne a riar, go háirithe le linn séasúr gnóthach na tástála i R1-R2 2022.
- Cuireadh feidhmiúlacht bhreise le DOTS, go háirithe foirm ordaithe chomhtháite a cruthaíodh trína bhféadfaidh scoileanna ábhair tástála páipéir a ordú trí DOTS (sruthlíniú ar nósanna imeachta bainistíochta ordaithe inmheánacha na Roinne Tástála) agus feidhmiúlacht bhreise do scoileanna a mbíonn trialacha páipéir á riar acu ionas gur féidir leo tuairiscí a fháil ó DOTS ó bhileoga freagraí a scantar le meaisín-scorála.
- Lean an Roinn Tástála ar a gcatalóg agus a mbróisiúr tástála, atá ar fáil ar láithreán gréasáin faisnéis tástála an FTO (<https://www.tests.erc.ie>). Ina theannta sin, ghlac foireann na Roinne Tástála freagrachtaí nua maidir le seirbhísí tástála ar líne an FTO a bhainistiú (mar atá leagtha amach thuas). Seoladh próiseas soláthair chun cumas seirbhíse tacaíochta an FTO a fheabhsú chun tacú le scoileanna le linn tréimhsí tástála gnóthacha.
- Léirigh an SNSO agus iar-bhunscoileanna an-spéis ar fad i leathnú agus i bhforbairt leaganacha breise den triail PPAD-E, a seoladh in 2021. Áirítear leis seo forbairt ar leagan Gaeilge den PPAD-E, mar a luadh thuas.

Meastóireacht clár

- DEIS: Bhí anailís agus scríobh tuarascálacha bunaithe ar shonraí NAMER 2021 ina phríomhfhócas d'obair an FTO ar mhonatóireacht DEIS in 2022, lena n-áiríodh róshampláil ar scoileanna Uirbeacha DEIS chun na críche seo. Bhí tuairisciú ar shaintorthaí DEIS ó NAMER 2021 sceidealaithe do R1 2023. Lean foireann DEIS freisin le hobair don Roinn Oideachais ar mheastóireacht ar an gclár P-TECH i dt trí scoil i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath agus ar an tsamhail aitheantais DEIS scagtha. Tionóladh comhráite freisin leis an Roinn ar chreat nua Monatóireachta agus Meastóireachta agus ar shnáitheanna taighde ar DEIS amach anseo.
- Creat-mheastóireacht um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM): Foilsíodh tuarascálacha Chéim 3a agus Chéim 3b ón meastóireacht FGM in 2022. Tá an ceathrú céim, agus an chéim dheireanach, sceidealaithe le bheith curtha i gcrích i R1-R2 2023, agus é ina chuspóir foriomlán creat tuairisciúil agus meastóireachta nua a fhoilsiú do FGL in Éirinn.
- Meastóireacht ar an gCreat Foghlama Digiteach (CFD): Is staidéar modhanna measctha fadtéarma é seo a thugann le chéile suirbhéanna agus fócasghrúpaí/agallaimh, atá á riar ag an FTO le tacaíocht ó fhoireann Teicneolaíochta Digití an SFGM. Rinneadh na babhtáí deiridh de bhailiú sonraí an staidéir seo suas go deireadh R2 2022, agus díríodh aird ina dhiaidh sin ar an anailís agus ar scríobh na tuarascála deiridh ar an meastóireacht. Sa tuarascáil deiridh seo beidh torthaí tuairisciúla ó Thonn 2 (2022) mar aon le comparáidí siar go dtí babhtáí bailithe sonraí níos luaithe (Bunlíne agus Tonn 1). Cuireadh isteach go mór ar dhul chun cinn an tionscadail seo ó dheireadh mhí Aibreáin 2022 nuair a d'fhág POF an FTO, a raibh obair an staidéir ó mhaoirsiú aici, toisc clár iomlán oibre a bheith ag an FTO i réimsí eile agus easpa foirne teagmhasacha.
- Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG): Tagann an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta as Polasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (ROS, 2016). Bhí an staidéar le leanúint go deireadh 2022 ach leathnaíodh

é go 2024 le comhaontú na Roinne toisc cuir isteach Covid-19. Is staidéar fadtéarmach é meastóireacht SAGS ina n-úsáidtear modhanna measctha (ceistneoirí suirbhé, uirlisí tástála, agus cás-staidéir) chun sonraí a bhailiú ó scoileanna, scoláirí agus tuismitheoirí rannpháirteacha. Is éard a bhí i gceist leis an staidéar seo ná dhá thriail nua trí mheán na Gaeilge a fhorbairt: triail éisteachta do Rang a Sé i scoileanna Gaeltachta a scálaíodh i R4 2021, agus triail luathlitearthachta do na Naíonáin Shinsearachacha atá noirm-chaighdeánaithe do scoileanna Gaeltachta. In 2022, rinneadh dul chun cinn maidir le bailiú sonraí agus anailís ar bhabhtáí sonraí níos luaithe. Bhí dúshlán, áfach, maidir le foireann a sholáthar don tionscadal toisc deacrachtaí bainteach le baill foirne le taithí acu le hinniúlacht Ghaeilge acu a earcú.

Tacaíocht d'anailís sonraí

- Leanadh leis an obair in 2022 maidir leis an tsamhail um leithdháileadh acmhainní oideachais speisialta thar ceann na Roinne.

Taighde neamhspleách

- Foilsíodh nó cuireadh i láthair páipéir phiarmheasúnaithe, caibidlí leabhar, agus cuir i láthair comhdhála ar ábhair éagsúla in 2022. Tá siad seo liostaithe thíos, agus ina measc tá ábhair ilchineálacha ar nós an Idirbhliain, folláine i scoileanna, úsáid na teicneolaíochta digití ag múinteoirí ar scoil, forbairtí modheolaíochta, bailíochtú táscairí míbhuntáiste oideachais, measúnú ar an scríbhneoireacht, bulaíocht i scoileanna, tionchair comhdhéanamh scoile ar ghnóthachtáil eolaíochta, measúnú ar mheabhairshláinte i scoileanna, tosca a bhaineann le hardghnóthachtáil acadúil in Éirinn, rannpháirtíocht sa léitheoireacht, forbairt aibíochta san ógánacht, freagairtí inscne ar thástálacha léitheoireachta, comparáid idir tástáil an earraigh agus tástáil an fhómhair, treochtaí neamhionannais i dtorthaí oideachais, agus tionchair tuismitheoirí ar ionchais ghairme scoláirí.
- Chríochnaigh ball foirne a PhD bunaithe ar anailís ar dhifríochtaí i ngnóthachtáil agus rannpháirtíocht scoláirí ar thástáil PISA san earrach agus san fhómhar (bainteach le haistriú PISA go tástáil an fhómhair mar a míníodh thuas). Cuireann an obair seo go mór leis an obair idirnáisiúnta ar thionchair féideartha tástála a bhaineann le measúnuithe ar mhórsála. Tá obair PhD eile idir lámha go fóill, atá ag díriú ar scileanna tátal a anailísiú trí shamhail chognaíoch a chur i bhfeidhm ar shonraí measúnaithe náisiúnta ar mhórsála ar an léamhthuiscint.
- Sa leagan athchóirithe is déanaí den *Irish Journal of Education* foilsíodh cúig pháipéar in Imleabhar 45 (2022) (ar fáil ag <https://www.erc.ie/ije>). Foilsíodh cúig pháipéar sa chéad imleabhar seo den IJE athchóirithe, lena n-áirítear roinnt ionchur ó fhoireann an FTO mar aon le hionchuir sheachtracha. Is iad seo na hábhair a clúdaíodh: tuairisciú ar imní faoi chosaint leanaí i scoileanna na hÉireann; riachtanais iar-Covid-19 na n-earnálacha luathbhlianta agus bunscoile; iompraíochtaí a bhaineann le ceannaireacht straitéiseach i scoileanna agus i suíomhanna scoile; eispéiris na mac léinn tríú leibhéal in Éirinn; agus athbhreithniú ar an litríocht faoi mhíbhuntáiste oideachais in Éirinn ó 1965-2020.
- Tá obair idir lámha ar roinnt deiseanna tábhachtacha chun anailís thánaisteach a dhéanamh ar thacair sonraí atá ann cheana féin, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do): anailís mhionsonraithe ag leibhéal míre ar mhíthuiscintí matamaitice agus eolaíochta maidir le curaclam na hÉireann ag baint úsáide as sonraí TIMSS; athruithe ar éagothroime oideachais a scrúdú ag baint úsáide as sonraí NAMER, PIRLS, agus TIMSS; feidhmíocht na hArdeistiméireachta a scrúdú maidir le rannpháirtíocht sn Idirbhliain; agus tionscadail eile. Tá dul chun cinn marthanach ar na snáitheanna seo de thaighde neamhspleách mall agus deacair cloí leo, áfach, toisc éilimh iomaíochas riaracháin agus tionscadail ar an bhfoireann. Is ionann seo agus tearcúsáid na bhfoinsí sonraí seo agus scileanna foirne taighde an FTO, agus léiríonn sé deis chostas suntasach ar an

méid oibre reatha ag an FTO i gcomparáid le leibhéal foirne agus acmhainní. Chuirfí faisnéis luachmhar ar fáil don Roinn Oideachais, do pháirtithe leasmhara oideachais eile, agus don litríocht taighde oideachais i gcoitinne dá gcríochnófaí na staidéir taighde anailíse tánaisteacha seo agus dá leanfaí ar aghaidh ag aithint deiseanna taighde tánaisteacha.

- Rinne an FTO comhdhálacha (i) an Chomhlachais Eorpaigh um Thaighde san Ógánacht, (ii) na Comhdhála Eorpaigh ar an Litearthacht, agus (iii) an Chomhlachais um Measúnú Oideachais – an Eoraip a óstáil nó a chomh-óstáil in 2022. Cruthaíonn gach ceann de na comhdhálacha seo deiseanna freisin don fhoireann bualadh le comhghleacaithe agus saineolaithe i bhforais taighde eile agus foghlaim uathu, agus bíonn deiseanna acu obair atá ar siúl acu a chur i láthair lucht féachana idirnáisiúnta. Thoiligh an FTO freisin dualgais óstála a ghlacadh don 10ú IEA (An Cumann Idirnáisiúnta um Measúnú ar Ghnóthachtáil Oideachais) in 2023, agus rinneadh an chomhdháil a eagrú le linn R3-R4 2022.

Foilseacháin, Comhdhálacha agus Cuir i Láthair, Trialacha 2022

Tá roinnt mhaith de na foilseacháin seo ar fáil le híoslódáil ag

<https://www.erc.ie/2022/02/22/publications-2022/>

Tuarascálacha

- Cosgrove, J., Feerick, E., Moran, E., & Perkins, R. (2022). *Digital technologies in education – Ireland in the international context: Trends and implications from PISA 2012-2018*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2022/09/DT-in-Ed-PISA-2012-to-2018-for-web.pdf>
- Delaney, E., McAteer, S., McHugh, G., & O'Neill, B. (2022). *Primary school reading in Ireland in PIRLS 2016: Perspectives of pupils, parents and teachers*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2022/12/Primary-school-reading-in-Ireland-in-PIRLS-2016.pdf>
- Elsayed, M. A. A., Clerkin, A., Pitsia, V., Aljabri, N., & Al-Harbi, K. (2022). *What explains boys' educational underachievement in the Kingdom of Saudi Arabia?* Páipéar Oibre Taighde Beartais 9896. An Banc Domhanda. <https://openknowledge.worldbank.org/handle/10986/36817>
- Kennedy, E., & Shiel, G. (2022). *Addressing Achievement Gaps between Disadvantaged and non-Disadvantaged Students at Primary and Post-primary Level: A Review of Recent International Research*. An Roinn Oideachais. <https://doi.org/10.5281/zenodo.7881164>
- Rawdon, C., Fitzgerald, C., & Gilleece, L. (2022). *Developing an evaluation framework for teachers' professional learning in Ireland: Phase 3b Small-scale consultation with children and young people*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2022/09/ERC-TPL-Phase-3b-Report-Sept-2022.pdf>
- Rawdon, C. & Gilleece, L. (2022). *Developing an evaluation framework for teachers' professional learning in Ireland: Phase 3a Consultation with TPL providers*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2022/09/ERC-TPL-Phase-3a-Report-Sept-2022.pdf>
- Shiel, G. (2022). *Summative Assessment of Literacy and Numeracy*. An Roinn Oideachais. <https://zenodo.org/record/7882174#.ZF0j33bMKUI>
- Shiel, G. & Dooley, T. (2022). *Formative Assessment to Support Literacy and Numeracy Development at Primary and Post-primary Levels*. An Roinn Oideachais. <https://zenodo.org/record/7881266#.ZF0kfHbMKUI>
- Shiel, G., McHugh, G., Delaney, M., Cosgrove, J., with McKeown, C. (2022). *Reading literacy in Ireland in PISA 2018: Performance, policy and practice*. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar

Oideachas. https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2022/05/20-ERC-Reading-Literacy-PISA-2018-Report_A4_Digital-2-FINAL.pdf

- Shiel, G. & Pitsia, V. (2022). *Addressing the Needs of High-Achieving and Highly Able Students in Literacy and Numeracy*. An Roinn Oideachais. <https://doi.org/10.5281/zenodo.7881210>

Caibidil i Leabhair

- Clerkin, A., Jeffers, G. & Choi, SD. (2022). Wellbeing in Personal Development: Lessons from National School-Based Programmes in Ireland and South Korea. In: McLellan, R., Faucher, C. & Simovska, V. (eds) *Wellbeing and Schooling. Transdisciplinary Perspectives in Educational Research*. Vol. 4 (pp.155-172). Springer. https://doi.org/10.1007/978-3-030-95205-1_10
- An Roinn Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Delaney, E., McHugh, G., McAteer, S., & O'Neill, B. (2022). Éire. In K.A. Reynolds, E. Wry, I.V.S. Mullis, & M. von Davier (Eds.), *PIRLS 2021 Encyclopedia: Education policy and curriculum in reading*. <https://pirls2021.org/ireland/>
- Karakolidis, A., Pitsia, V., Cosgrove, J. (2022). Multilevel Modelling of International Large-Scale Assessment Data. In Khine, M.S. (eds) *Methodology for Multilevel Modeling in Educational Research*. Springer. https://link.springer.com/chapter/10.1007/978-981-16-9142-3_8
- Looney, A., O'Leary, M., Scully, D., & Shiel, G. (2022). Cross-national achievement surveys and educational monitoring in Ireland. In L. Volante, S.V. Schnepf & D.A. Klinger (Eds.), *Cross-national achievement surveys for monitoring educational outcomes: Policies, practices and political reforms within the European Union* (pp. 153-176). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/2eefff1b-e21a-11ec-a534-01aa75ed71a1/language-en>

Ailt

- Elsayed, M.A.A., Clerkin, A., Pitsia, V., Aljabri, N., & al-Harbi, K. (2022). Boys' underachievement in mathematics and science: An analysis of national and international assessment data from the Kingdom of Saudi Arabia. *Large-scale Assessments in Education*, 10 (23). <https://doi.org/10.1186/s40536-022-00141-9>
- Feerick, E., Clerkin, A. & Cosgrove, J. (2022) Teachers' understanding of the concept of 'embedding' digital technology in education. *Irish Educational Studies*, 41(1), 27-39. <https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/03323315.2021.2022521?journalCode=ries20>
- Gilleece, L., & McHugh, G. (2022). Validating school-based measures of educational disadvantage in Ireland. *Education Policy Analysis Archives*, 30 (169). <https://epaa.asu.edu/index.php/epaa/article/view/7245>
- Kennedy, E., & Shiel, G. (2022). Writing assessment for communities of writers: rubric validation to support formative assessment of writing in Pre-K to grade 2. *Assessment in Education: Principles, Policy & Practice*, 29 (2), 127- 149, DOI: 10.1080/0969594X.2022.2047608
- Mazzone, A., Pitsia, V., Karakolidis, A., & O'Higgins Norman, J. (2022). Bullied, bystanders, and perpetrators in the workplace: The role of empathy in teachers and school leaders' experiences. *Psychology in the Schools*, 59(3), 515–534. <https://doi.org/10.1002/pits.22628>
- Nonte, S., Clerkin, A., & Perkins, R. (2022). An examination of science achievement and school compositional effects in Ireland using TIMSS data. *European Journal of Educational Research*, 11(4), 2523-2536. <https://www.eu-jer.com/an-examination-of-science-achievement-and-school-compositional-effects-in-ireland-using-timss-data>
- O'Farrell, P., Wilson, C., & Shiel, G. (2022). Teachers' perceptions of the barriers to assessment of mental health in schools with implications for educational policy: A systematic review. *British Journal of Educational Psychology*, 00, 1– 21. <https://doi.org/10.1111/bjep.12553>

- Pitsia, V. (2022). Examining high achievement in mathematics and science among post-primary students in Ireland: a multilevel binary logistic regression analysis of PISA data. *Large-scale Assessments in Education*, 10(14), 1-30. <https://largescaleassessmentsineducation.springeropen.com/articles/10.1186/s40536-022-00131-x>
- Pitsia, V., Lysaght, Z., O'Leary, M., & Shiel, G. (2022). High achievement in mathematics and science among students in Ireland: An in-depth analysis of international large-scale assessment data since 2000. *Irish Educational Studies*. <https://doi.org/10.1080/03323315.2022.2061563>
- Scanlon, G., Radeva, S., Pitsia, V., Maguire, C., & Nikolaeva, S. (2022). Attitudes of teachers in Bulgarian kindergartens towards inclusive education. *Teaching and Teacher Education*, 112, 1–13. <https://doi.org/10.1016/j.tate.2022.103650>

Cuir i Láthair ag Comhdhála/Cuirí chuig Ceardlanna nó Seimineáir

- Brozo, B., & Mc Ateer, S. (2022, Iúil 4-6). Reading Will and Skill: Exploring Engagement and Reading Achievement in the newest cycles of PISA & PIRLS. In G. Shiel (Cathaoirleach), *Engagement in reading in Europe and the US – What can we learn from recent cycles of PIRLS and PISA?* Siompóisiam arna stiúradh ag an 22ú Comhdháil Eorpach ar an Litearthacht, Baile Átha Cliath, Éire.
- Clerkin, A. (2022, Meán Fómhair 1). *Ireland's Transition Year: History and research*. Cuireadh cuir i láthair do Choiste na Seapáine-Éire agus Naoki Furukawa MP, Teach Farmleigh, Baile Átha Cliath.
- Clerkin, A. (2022, Lúnasa 25). *Self-perceived maturity during a gap year at age 15*. Páipéar curtha i láthair ag An Chomhlachas Eorpach um Thaighde san Ógánacht, Baile Átha Cliath.
- Delaney, E. (2022, Iúil 4-6). Reading engagement at primary level: Patterns from PIRLS. In G. Shiel (Chair), *Engagement in reading in Europe and the US – What can we learn from recent cycles of PIRLS and PISA?* Siompóisiam arna stiúradh ag an 22ú Comhdháil Eorpach ar an Litearthacht, Baile Átha Cliath, Éire.
- Delaney, E. (2022, Iúil 4-6). *“Ready for a girl doctor”: Representations of gender in constructed responses of children in Ireland to a digital reading task* [Cur i láthair comhdhála]. 22ú Comhdháil Eorpach ar an Litearthacht, Baile Átha Cliath, Éire.
- Delaney, E. (2022, Iúil 8). *Standardised testing: What can it tell the teacher?* Cuireadh seimineáir ag Cúrsa Samhraidh do Mhúinteoirí Chumann Litearthachta na hÉireann (i gcomhar leis an 22ú Comhdháil Eorpach ar Litearthacht), Baile Átha Cliath, Éire.
- Denner, S. (2022, Samhain 9-12). *A Comparison of Outcomes from Spring and Autumn Administrations of PISA Tests in Ireland*. 23ú Comhdháil Bhliantúil den Chomhlachas um Measúnú Oideachais – An Eoraip, Baile Átha Cliath, Éire.
- Duggan, A., Karakolidis, A., Clerkin, A., Gilleece, L. & Perkins, R. (2022, Samhain 11). *Patterns of educational inequalities in mathematics and science: An analysis using three cycles of TIMSS in Ireland*. Páipéar curtha i láthair ag an 23ú Comhdháil Bhliantúil den Chomhlachas um Measúnú Oideachais – An Eoraip, Dún Laoghaire.
- Foras Taighde ar Oideachas [baill foirne éagsúla] (2022, Samhain 28 – Nollaig 1). *Cuairt staidéir ceithre lá ó Aireacht Oideachais na Palaistíne, ina raibh cruinnithe agus cur i láthair ó fhoireann an FTO ar ábhair mar rialachas, comhroinnt sonraí agus bainistíocht sonraí, TIMSS, NAMER, PISA, PIRLS, DEIS, TPL, DLF, DOTS, an Idirbhliain, agus forbairt tástála*. Foras Taighde ar Oideachas.
- Flannery, D., Clavel, J. G., & Gilleece, L. (2022, Meitheamh 30– Iúil 1). *School socioeconomic context and student achievement: A heterogeneous analysis using Ireland's PISA 2018 data*. Páipéar ag an XXX Comhdháil Bhliantúil de Chumann Eacnamaíoch an Oideachais, Porto.

- Flannery, D., Gilleece, L., & Clavel, J. G. (2022, Aibreán 7 – 9). *School socioeconomic context and student achievement: A heterogeneous analysis using PISA 2018 data*. Páipéar curtha i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Staidéar na hÉireann, ar líne.
- McAteer, S. (2022, Lúnasa 24-27). *Parental influences on career expectations of 15-year-old students in Ireland*. 18th Comhdháil Dhébhlíantúil an Chomhlachais Eorpaigh um Thaighde ar Ógántacht, Baile Átha Cliath, Éire.
- McHugh, G., & Denner, S. (2022, Iúil 4-6). *Engagement in Reading: PISA 2018*. In G. Shiel (Chair), *Engagement in reading in Europe and the US – What can we learn from recent cycles of PIRLS and PISA?* Siompóisiam arna stiúradh ag an 22ú Comhdháil Eorpach ar an Litearthacht, Baile Átha Cliath, Éire.
- Pagkratidou, M., Michailides, M., Pitsia, V., & Karakolidis, A. (2022, Deireadh Fómhair 12). *Factors associated with students' intentions to pursue STEM careers based on PISA data from Greece (in Greek)*. Póstaer curtha i láthair ag an 18ú Comhdháil Panheilléanach um Thaighde Síceolaíochta, Cumann Síceolaíochta Heilléanach.
- Rawdon, C. & Gilleece, L. (2022, Feabhra 23). *Development of a framework for the evaluation of Teachers' Professional Learning*. Cuireadh do chur i láthair chuig Ceannairí Foirne na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí, Leamhcán.
- Rawdon, C. & Gilleece, L. (2022, Meitheamh 22). *Developing an evaluation framework for teachers' professional learning in Ireland: Presentation of phases 1 and 2*. Cuireadh do chur i láthair chuig ionadaithe ó eagraíochtaí Ghrúpa Stiúrtha FGM, ar líne.

Bogearraí no Trialacha

- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *New Drumcondra Primary Mathematics Test: Technical Supplement to the Manual. Levels 1 – 6 (Leagan páipéar-bhunaithe)*. Údar.
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *New Drumcondra Primary Mathematics Test: Technical Supplement to the Manual. Levels 3 – 6 (Leagan ríomhaire-bhunaithe)*. Údar.
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *New Drumcondra Primary Reading Test: Technical Supplement to the Manual. Levels 1 – 6 (Leagan páipéar-bhunaithe)*. Údar.
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *New Drumcondra Primary Reading Test: Technical Supplement to the Manual. Levels 3 – 6 (Leagan ríomhaire-bhunaithe)*. Údar.
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna: Lámhleabhar Riaracháin agus Léirmhíntithe Leibhéil 1-S (Triail Scagtha)(Leagan páipéir)*. Údar.*
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna: Lámhleabhar Riaracháin agus Léirmhíntithe Leibhéil 2 (Leagan páipéir)*. Údar.*
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna: Lámhleabhar Riaracháin agus Léirmhíntithe Leibhéil 3-6 (Leagan páipéir)*. Údar.*
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna: Lámhleabhar Riaracháin Leibhéil 3-6 (ar líne)*. Údar.*
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna, Leibhéil 1 – 6 (leagan páipéir)*. Údar.*
- Foras Taighde ar Oideachas. (2022). *Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna, Leibhéil 3 – 6 (leagan ar líne)*. Údar.*

* Ath-eisithe le haistriúchán Gaeilge nuashonraithe, tar éis dul i gcomhairle le múinteoirí agus saineolaithe teanga.

Caibidil 3: Rialachas

Cuireann an FTO an obair chun cinn trí Bhord agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) araon.

Bord Rialachais

Is é comhdhéanamh an Bhoird ná Cathaoirleach agus ceithre ghnáthbhall, arna gceapadh ag an Aire. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar dtús ar feadh tréimhse 5 bliana agus chuaigh an bhallraíocht in éag ar 4 Iúil 2021. Athcheapadh triúr de na comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus chuaigh Cathaoirleach an Bhoird ar scor. Ghlac an Leas-Chathaoirleach ról Chathaoirleach Gníomhach an Bhoird go dtí gur ceapadh cathaoirleach nua an Bhoird i mí Iúil 2022.

Mar thoradh ar an gceapachán seo tá folúntas ag leibhéal gnáthbhall agus táthar ag fanacht le ceapachán. Is é 50:50 an chothromaíocht inscne don Bhord. Nuair a cheaptar an 5ú ball beidh an scoilt inscne ag 60:40.

Léiríonn an tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta an Bhoird	Ról	Dáta an cheapacháin	Dáta dhul in éag an cheapacháin	Dáta an athcheaptha
An Dr Denise Burns	Leas-Chathaoirleach	05/07/2016	04/07/2021	12/07/2021
	Cathaoirleach Gníomhach	05/07/2021	27/07/2022 Dul in éag ar cheapachán an Chathaoirligh nua	
An tOllamh Michael Martin	Gnáthbhall	05/07/2016	04/07/2021	12/07/2021
An tUasal Éamon Ó Muirheartaigh	Gnáthbhall	05/07/2016	04/07/2021	12/07/2021
	Cathaoirleach	27/07/2022		
An Dr Sharon Feeney	Gnáthbhall	26/11/2021	25/11/2026	N/B

Déanann an Bord freagracht oibríochta laethúil an FTO a tharmligean chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus foireann feidhmiúcháin an FTO.

Faigheann an Bord tuairiscí go rialta ó fhoireann bainistíochta an FTO agus coimeádann an Bord é féin ar an eolas go dáta faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a mbíonn tionchar acu ar an FTO agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé.

Cuireann an Bord comhairle agus tacaíocht ar fáil don POF agus don bhainistíocht. Féachann baill an bhoird chuige go mbíonn siad sásta go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bhainistíochta riosca láidir agus inchosanta ann.

Is faoin mBord atá sé cinneadh a dhéanamh ar na nithe seo leanas:

- pleanáil straitéiseach
- éadálacha suntasacha, diúscairtí agus críoch a chur le húsáid sócmhainní an FTO
- infheistíochtaí móra agus tionscadail chaipitil
- leibhéil údaráis tarmligthe, polasaí cistíochta agus polasaithe bainistíochta riosca
- téarmaí do chonarthaí móra a fhaomhadh
- dearbhuithe maidir le comhlíonadh na gceanglas reachtúla agus riaracháin a bhaineann le ceapacháin, líon foirne, grádú agus coinníollacha don fhoireann go léir a fhaomhadh, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas, lena n-áirítear leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an POF agus na foirne
- ceapachán, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht, pleanáil chomharbais an POF; agus
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhaomhadh
- Cúrsaí rialachais lena n-áirítear beartais inmheánacha;
- Tuarascálacha ó Choistí Iniúchóireachta agus Riosca agus iniúchtaí inmheánacha;
- Foireann; agus
- Dearbhuithe leasa.

Níl aon luach saothair ann do Chomhaltaí an Bhoird.

Seo a leanas an tinreamh ag cruinnithe Boid in 2022:

Ball	Bord (líon cruinnithe)
An tUasal Éamon Ó Muircheartaigh	6
An Dr Denise Burns	5
An tOllamh Michael Martin	6
An Dr Sharon Feeney	6

Bíonn an POF agus an Príomhoifigeach, atá ina Rúnaí ar an mBord, i láthair ag cruinnithe an Bhoird. Tagann baill foirne eile chuig cruinnithe mar is cuí. Tionóltar cruinniú den Bhord go rialta gan baill foirne an FTO i láthair agus bíonn baill an bhoird i dteagmháil lena chéile idir cruinnithe de réir mar is gá.

Foilsítear miontuairiscí ó chruinnithe an Bhoird ar láithreán gréasáin an FTO (<https://www.erc.ie>). Baintear aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála agus aon ábhair phearsanta ó mhiontuairiscí Bhord an FTO sula bhfoilsítear iad.

Tá údarás ag an mBord an fhaisnéis atá de dhíth air a éileamh ón FTO ionas gur féidir leis a dhualgais a chomhlíonadh. Tá sé údaraithe dó comhairle dlí agus ghairmiúil eile a fháil, ar chostas an FTO, má mheasann Comhaltaí an Bhoird gur gá a leithéid a dhéanamh chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Déanann an Bord dícheall an tAire Oideachais a choimeád ar an eolas faoi ghnóthaí a thagann chun cinn laistigh den FTO.

Tá an Bord ag leanúint le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (COP) 2016 a chur i bhfeidhm agus tuairiscíonn sé go rialta dá mháthair-Roinn, an Roinn Oideachais (RO). Rinne an FTO athbhreithniú ar a leibhéal comhlíonta leis an gCód Chleachtais ag deireadh na bliana 2019. Tá athbhreithniú seachtrach ar a chomhlíonadh reatha leis an COP agus athbhreithniú ar éifeachtacht an Bhoird agus an CIR ar an gclár oibre do 2023 le scóip iniúchta le faomhadh ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

I mí an Mhárta 2022 d'fhoilsigh an Bord a dhara Plean Straitéiseach.

Eagraithe ar na trí théama seo a leanas: cobhsú, breisiú agus nuálú chun comhthéacs reatha agus tosaíochtaí straitéiseacha an FTO a léiriú, tá sé mar aidhm ag an bPlean Straitéiseach seo clár oibre agus bealaí oibre an FTO a chobhsú; cumas, acmhainní agus rialachas a fheabhsú tuilleadh; agus, i réimsí áirithe d'obair an FTO, nuálaíochtaí a chur i bhfeidhm ionas gur féidir leis sármhaitheas agus éifeachtúlacht a sheachadadh ar bhealach níos fearr.

I mí na Bealtaine 2022, tar éis don Dr Jude Cosgrove éirí as mar Phríomhfheidhmeannach an FTO, cheap an Bord an Dr Aidan Clerkin mar POF eatramhach don tréimhse atá de dhíth chun POF níos fadtéarmaí a cheapadh. D'oibrigh an Bord go dlúth leis an Roinn Oideachais ar an earcaíocht seo.

Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Is é ról an CIR ná tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhuithe gaolmhara.

Tá ceithre chomhaltaí Boird mar aon le comhalta neamhspleách mar bhallraíocht an Choiste. Léiríonn an tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

Ball CIR	Ról	Dáta an cheapacháin	Dáta dhul in éag an cheapacháin	Dáta an athcheaptha	Ball CIR
An tUasal Éamon Ó Muirheartaigh	Cathaoirleach Gnáthbhall	05/07/2017 13/09/2022	05/09/2021	05/09/2021	13/09/2022
An tUasal Ray Mooney	Leas-Chathaoirleach Cathaoirleach	14/11/2019 13/09/22	13/09/2022	N/B	
An tOllamh Michael Martin	Gnáthbhall	05/07/2017	05/09/2021	05/09/2021	
An Dr Denise Burns	Gnáthbhall	05/07/2017	05/09/2021	05/09/2021	
An Dr Sharon Feeney	Gnáthbhall	30/05/2022	29/05/2026	N/B	

Seo a leanas an tinreamh ag cruinnithe an in 2022:

Ball	CIR (líon cruinnithe)
An tUasal Éamon Ó Muircheartaigh	4
An Dr Denise Burns	3
An tOllamh Michael Martin	4
An tUasal Ray Mooney	4
An Dr Sharon Feeney	3

Níl aon luach saothair ann do Chomhaltaí an CIR.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca laistigh de phrionsabail an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2019, maoirsíonn sé feidhm Iniúchta Inmheánaigh an FTO, agus oibríonn sé chun:

- A chinntiú go gcuirtear próisis sainaitheanta, monatóireachta agus maolaithe measúnaithe riosca i bhfeidhm laistigh den eagraíocht chun cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith roimh an FTO a aithint.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí sainaitheanta.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an FTO na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.
- Plean straitéiseach a chur i bhfeidhm (eisthe i mí an Mhárta 2022) atá faoi réir athbhreithnithe rialta ar spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus meastóireachta ar na rioscaí a bhaineann leis na pleananna sin a thabhairt chun críche.

Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. In 2022, leanadh den obair ar phróisis inmheánacha an FTO maidir le bainistíocht riosca.

Maidir leis an athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha, ba é seo an clár iniúchta inmheánaigh do 2022:

- Rialú Inmheánach Airgeadais – Athbhreithniú Timthriall Infhaighte Cuntais
- Soláthar
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Rinne an CIR na torthaí a athbhreithniú agus déanfar iad a bhreithniú in aon nuashonrú beartais agus próisis.

Rinneadh dréacht-tuarascáil bhliantúil fhoirmiúil scríofa don Bhord a athbhreithniú i mí Feabhra 2023, don bhliain 2022, le heisiúint ag cruinniú an Bhoird ar 14 Feabhra 2023.

Leanann an CIR ag cur cosaint sonraí mar mhír lárnach ar chlár a chruinnithe.

Príomhéachtaí Rialachais 2022 agus Tosaíochtaí do 2023

I measc na bpríomhéachtaí a ndearna an Bord agus an CIR maoirseacht orthu le linn 2022:

- ✓ Ball nua Boird agus ball nua CIR ceaptha (Dr Sharon Feeney)
- ✓ Cathaoirleach Boird nua ceaptha agus dá réir sin cathaoirleach CIR nua ceaptha
- ✓ 6 chruinniú Boird
- ✓ 4 chruinniú CIR
- ✓ Cruinniú ag an mBord le Láraonad Beartais na Roinne Oideachais i mí na Bealtaine 2022
- ✓ Foilsiú Dara Plean Straitéiseach an FTO
- ✓ POF eatramhach a cheapadh
- ✓ Feachtais earcaíochta a reáchtáil do roinnt post lena n-áirítear POF Eatramhach, Comhalta Eatramhach, Cúntóirí Taighde, Cúntóirí Taighde le Gaeilge líofa, Comhlaigh Taighde, Comhlach Taighde le Gaeilge líofa agus AOF sa Roinn Tástála
- ✓ Imscrúdú an Choimisinéara Teanga curtha i gcrích agus comhaontú leis an RO maidir le hobair phráinneach i leith forbairt trialacha
- ✓ Cuireadh trí iniúchadh inmheánacha i gcrích don Bhliain Airgeadais 2022
- ✓ Tugadh beartas um Oibriú Cumaisc chun críche agus tosaíodh an rolladh amach ag deireadh na bliana 2022
- ✓ Dul chun cinn suntasach déanta ar athbhreithniú an phlean fórsa saothair
- ✓ Roinnt polasaithe AD agus polasaithe cuntasáíochta faofa nó leasaithe
- ✓ Téarmaí Tagartha an CIR agus an Bhoird nuashonraithe
- ✓ Nuashonruithe móra ar aistriú chúrsaí tógála na roinne tástála agus comhaontú i bprionsabal idir an dá pháirtí (agus aistriú na maoine chuig an FTO curtha i gcrích i R2 2023)
- ✓ Athbhreithniú cuimsitheach agus roinnt uasghráduithe ar bhonneagar TF agus rialachas TF an FTO curtha i gcrích
- ✓ 3 bheartas TF faofa agus dul chun cinn maith déanta maidir le Beartas Athshlánaithe Tubaiste
- ✓ An Roinn Tástála aistrithe chuig AOF nua, an bainisteoir rioscaí gafa leis an athrú bainistíochta
- ✓ An Roinn Trialacha comhtháite i bpríomhchóras cuntais (SAGE) an Fhorais
- ✓ Leanúint le Bainistíocht Covid 19
- ✓ Athraíodh as an nua rochtain an doras tosaigh agus seomra na cartlainne mar fhreagra ar thorthaí iniúchta inmheánaigh RGCS
- ✓ Tús curtha leis an athbhreithniú ar phraghsála trialacha (leanúnach)
- ✓ Cuntasóirí ceaptha do Sheirbhísí Airgeadais 2022
- ✓ Leantar den obair ar rochtain leabharlainne/irisí ar líne
- ✓ Rinneadh Suirbhé Míchumais agus oiliúint maidir le Feasacht Míchumais a rollú amach go céimneach agus críochnaíodh é i mí Eanáir 2023.
- ✓ Ráitis bhliantúla Scéim Pinsin Shingil eisithe
- ✓ Tiomsaíodh sonraí pinsin a bhí ar fáil agus chuir soláthraí seachtrach ráitis phinsin ar fáil d'fhoireann an FTO ar an Scéim Aonair. Leantar leis an obair ar chomhdhlúthú faisnéise pinsin.
- ✓ D'fheidhmigh an FTO ar ghearrfhógra (maidir le: an Rúis/an Úcráin) chun Comhdháil Idirnáisiúnta Taighde an IEA a óstáil i mí an Mheithimh 2023 – na hullmhúcháin idir lámha.
- ✓ Bhí ról shinsearacha ag taighdeoirí an FTO maidir le coistí a eagrú do roinnt mór-chomhdhálacha idirnáisiúnta a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath in 2022, lena n-áirítear an Chomhdháil Eorpach ar an Litearthacht, an Comhlachas Eorpach um Thaighde in Ógánacht, agus an Comhlachas um Measúnú Oideachais – an Eoraip.
- ✓ Foilseacháin fhoireann an FTO in 2022 liostaithe ag: <https://www.erc.ie/2022/02/22/publications2022/>
- ✓ D'óstáil an FTO toscaireachtaí de thaighdeoirí/déantóirí beartais ón bPalaistín, ón Spáinn, ón mBeilg agus ón tSeapáin.
- ✓ Córas ordaithe páipéir ar líne nua curtha i bhfeidhm ar ardán DOTS

Tá na tosaíochtaí seo a leanas aitheanta ag an mBord do 2023:

- ✓ Is tosaíocht an-ard é comhalta Boird nua a cheapadh agus leanfaidh an FTO ag lorg nuashonruithe rialta óna mháthair-Roinn
 - ✓ Athbhreithniú ar an Ionstraim Reachtúil
 - ✓ Leanúint le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh (2022/2024)
 - ✓ Bogearraí bainistíochta riosca a rolladh amach ar fud na heagraíochta
 - ✓ Comhaontú seirbhíse fadtéarmach le OCBÁC a chur i gcrích go hiomlán.
 - ✓ Uasghráduithe breise ar bhonneagar TF agus rialachas TF an FTO, lena n-áirítear feidhmiú céimneach na bpolasaithe TF breise.
 - ✓ Athbhreithniú ar thorthaí gach iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus nuashonruithe ar bheartais agus ar phróisis de réir mar is gá.
 - ✓ Athbhreithniú agus leigheas ar thorthaí iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh ó 2022 ar aghaidh
 - ✓ Trí iniúchadh inmheánacha: Rialuithe Inmheánacha Airgeadais, Athbhreithniú ar chomhlíonadh an FTO le Cód Cleachtais 2016 agus Athbhreithniú ar éifeachtacht an Bhoird agus an CIR.
 - ✓ Tá gá le roinnt cleachtaí soláthair in 2023 lena n-áirítear priontáil, iontráil sonraí, seirbhísí ailtireachta, seirbhísí caidrimh phoiblí
 - ✓ Ag brath ar thosaíochtaí na Roinne Oideachais, táthar ag fanacht ó 2021 le críoch leis an Athbhreithniú Criticiúil
 - ✓ An tAcht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas 2019 a chur i bhfeidhm
 - ✓ Athbhreithniú agus Cur i bhFeidhm an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 (An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú), 2021)
 - ✓ Cur i bhfeidhm an Achta um Míchumas 2005
 - ✓ Faomhadh buiséad na Roinne Oideachais chun breis feabhsuithe a cheadú ar sheirbhísí Gaeilge an FTO, go háirithe maidir le measúnú
 - ✓ Comhráite leis an RO ar athbhreithniú praghsála ar thrialacha páipéir agus ar líne
 - ✓ Dul chun cinn maidir leis an gcomhaontú léasa le OCBÁC
 - ✓ Méadú ar líon na gCainteoirí Gaeilge líofa laistigh den FTO.
-

Ráiteas Airgeadais 2022 agus nochtuithe ábhartha

Tá staid airgeadais an FTO mar a nochtar inár gcuntais bhliantúla 2022, iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste in 2023. Dréachtaíodh na cuntais ag:

Mazars
Mazars Ionad Fhearchair,
Bloc 3,
Sráid Fhearchair,
Áth Cliath 2

agus iniúchta ag

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Áth Cliath 1,
D01PF72

Leanann blianta cuntasáochta an FTO blianta féilire.

D'eisigh an FTO dréacht-chuntais neamh-iniúchta chuig a phríomhroinn, an Roinn Oideachais i R1 2023 roimh iniúchadh ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Foilseoidh an FTO a thuarascáil bhliantúil ar a láithreán gréasáin tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh ar a ráitis airgeadais a chríochnú.

Féadann an FTO a dhearbhu go gcomhlíonann sé:

- A dhualgais faoin dlí cánach
- Na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí
- Polasaí taistil an Rialtais.

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an mBord chun córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a dheimhniú. Is eagraíocht bheag í an FTO agus níl sé d'acmhainn aici a hiniúchtaí inmheánacha féin a dhéanamh. Dá bhrí sin, is soláthraithe seachtracha tríú páirtí a dhéanann iad sin. Bíonn an FTO ag nuashonrú a phróisis go leanúnach chun a shainriachtanais a shásamh⁵.

⁵ I gcás nár nuashonraíodh próisis agus beartais go fóill chun freastal ar shainriachtanais an FTO, ba chóir na polasaithe a bhaineann le Coláiste Phádraig agus leis an FTO roimh Mheán Fómhair 2015 a úsáid chun an cuspóir seo a chomhlíonadh.

Nochtuithe Airgeadais

(Tá na figiúirí go léir a luaitear thíos san áireamh i roinnt ceannnteideal ar na ráitis airgeadais.)

Cé nach aonán tráchtála é an FTO, díolann a roinn tástála trialacha caighdeánaithe le scoileanna. Ní raibh aon fhorbairtí suntasacha ó thaobh tráchtála a rinne dífeair don FTO in 2022.

1. SONRAÍ CAITEACHAIS MAIDIR LE TÁILLÍ COMHAIRLIÚCHÁIN/COMHAIRLEORA SEACHTRACH

Táillí dlí	40,828.53
Cuntasaíocht	51,903.85
Táillí Gairmiúla & Comhairleoireachta	92,015.16
Táillí Gairmiúla & Comhairleoireachta (Tionscadail ábhartha)	122,353.00
Iomlán:	307,100.54

2. SONRAÍ na mBILLÍ TUARASTAIL

Déantar treoirilínte pá an Rialtais maidir le pá an POF agus fostaithe an FTO a chomhlíonadh.

Costais iomlán an phárolla do: €2,585,898

Foireann an FTO: €2,455,003

Foireann ócáideach an FTO d'obair thionscadail: €92,276

Sonraí líon na bhfostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaithe (gan costais phinsin fostóra san áireamh) **don tréimhse tuairiscithe** laistigh de gach banda pá de €10,000 ó €60,000 nó níos mó,

BANDA PÁ	Líon iomlán na bhfostaithe a bhfuil a sochair don 12 mhí laistigh den bhandá pá
60,001 - 70,000	2
70,001 - 80,000	5
80,001 - 90,000	1
90,000 - 100,000	-
100,001 - 110,000	-
110,001 - 120,000	2
120,001 - 130,000	0

Rinneadh ranníocaíochtaí pinsin do bhaill foirne na scéimeanna Pinsin Aonair. Don tréimhse 12 mhí is é an t-iomlán ná €59,632 agus clúdaíonn sé seo 32 ball foirne. Faoi láthair clúdaíonn an Scéim 47 ball FTO. Rinneadh gach ranníocaíocht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Baineadh ranníocaíochtaí pinsin de bhaill foirne atá i Scéim Pinsean Choláiste Phádraig. Ní raibh na ranníocaíochtaí san áireamh sa bhuiséad pá, áfach, agus ní íoctar an t-airgead isteach i gciste ar leith. Tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) freagrach as pinsin a íoc (lena n-áirítear cnapshuimeanna a

íoc) le linn ré an chomhaontaithe aistrithe a chuaigh in éag i mí Mheán Fómhair 2018. Bhí socruithe eatramhacha i bhfeidhm i 2020 agus beidh a chuid pinsean féin á bhainistiú ag an FTO ó mhí Eanáir 2021.

3. SONRAÍ AN CHÚITIMH LE PRÍOMHBHAILL BAINISTÍOCHTA

- Ní bhfuair aon bhall den Bhord táillí Boird.
- Bíonn an tOllamh Michael Martin atá ina chónaí i SAM i láthair ag cruinnithe Boird agus CIR trí fhíschomhdháil chianda. In 2022 tionóladh gach cruinniú den Bhord agus den CIR go cianda.
- Ní dhearnadh aon íocaíochtaí le comhaltaí Boird nó CIR as obair nach mbaineann lena gcuid oibre mar chomhalta de Bhord Rialaithe an FTO seachas speansais dheimhnithe (€486.30 faighte ag Denise Burns).
- Ba é pacáiste luach saothair an POF ná €132,083. Roinntear é seo idir an t-iar-POF don tréimhse 1 Eanáir go 30 Aibreán 2022 (€44,376) agus an POF eatramhach don tréimhse 1 Bealtaine go 31 Nollaig 2022 (€87,707).
- Fuair an iar-POF costais dearbhaithe de €940.00 freisin bainteach le taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Fuair an POF eatramhach costais dearbhaithe de €575.67 freisin bainteach le freastal ar chomhdhála.
- Fuair Comhaltaí Taighde agus Riarthóir Sinsearach íocaíocht iomlán de €5,973.85 do chostais bainteach le taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta mar aon le caiteachais do thionscadail éagsúla agus bainteach leis an oifig. Tá an figiúr seo san áireamh sna costais taisteal agus cothabhála atá luaite thíos.
- Sochair iarfhostaíochta:
 - Rinneadh íocaíocht cnapshuime pinsin le ball foirne a bhí ag dul ar scor i mí Eanáir 2022, tá a luach san áireamh sa chaiteachas a bhaineann le pá. Rinne an FTO íocaíochtaí míosúla pinsin le beirt bhall foirne, agus leanann OCBÁC de phinsin eile a íoc a bhí ann roimh 2021.
 - Níor deonaíodh aon bhlianta breise ar mhaithe le pinsean ná ní raibh cás scoir ann gan gnáth laghduithe achtúireacha.

4. TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL

Tionscadal ábhartha:

Taisteal náisiúnta: € 29,695.00

Taisteal idirnáisiúnta: € Náid

Neamh-tionscadal ábhartha:

Náisiúnta: € 486.00

Idirnáisiúnta: € 10,040.06

Iomlán: € 40,221.06

5. FÁILTEACHAS

Caiteachas iomlán ar fháilteachas don 12 mhí: €1,020.00

Lena n-áirítear:

- Lónadóireacht d'imeachtaí FTO agus costais d'oiliúint foirne: € 129.00
- Lónadóireacht do chruinnithe: € 891.00

6. TFC

Tionscadal ábhartha:

Crua-earraí:	€	184,751.43
Clár ar líne:	€	10,907.60
Riaradh Suirbhéanna agus Tacaíocht Theicniúil:	€	193,359.60

Neamh-tionscadal ábhartha:

Crua-earraí:	€	28,871.04
Bogearraí:	€	87,581.64
Eile:	€	33,258.43

7. FOILSEACHÁIN

Irish Journal of Education:

IJE/Díolacháin foilseachán:	€	Níl
JStor Díolacháin Irisleabhar ar líne:	€	377
Díolacháin foilseachán foriomlán:	€	377
Costais priontála IJE:	€	Níl

- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

..... 2023

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

		An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 €
	Nótaí		
Ioncam			
Ioncam Tionscadal Lárnach	8a	763,423	642,302
Deontas na Roinne Oideachais	7	2,681,021	2,381,413
Maoiniú do Chostais Pinsin		59,632	67,000
Ioncam Tionscadal Neamh-Lárnach	8b	143,202	168,497
Díolacháin an Rannáin Tástála		1,276,698	1,328,755
Díolacháin foilseachán		-	2,071
Ioncam oibriúcháin eile		307	1,092
Glan-mhaoiniú iarchurtha do phinsin	14.1	<u>918,000</u>	<u>752,000</u>
		<u>5,842,283</u>	<u>5,343,130</u>
Caiteachas			
Costais foirne	12	2,585,898	2,261,446
Costais oibriúcháin eile	9	1,915,277	1,521,731
Costais sochair scoir	14.1	977,632	819,000
Dímheas	15	<u>22,908</u>	<u>23,767</u>
		<u>5,501,715</u>	<u>4,625,944</u>
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		340,568	717,186
Cuntas ioncaim agus caiteachais tugtha ar aghaidh		<u>2,686,089</u>	<u>1,968,903</u>
Cuntas ioncaim agus caiteachais tugtha chun cinn		<u>3,026,657</u>	<u>2,686,089</u>

Níl aon bhrabúis ná caillteanais aitheanta ag an bhForas Taighde ar Oideachas seachas iad siúd a thairiscítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach. Rinneadh torthaí na bliana a ríomh ar bhonn costas stairiúil. Baineann ioncam agus costais uile an Fhorais Taighde ar Oideachas le hoibriúcháin leanúnacha

Faofa ag an mBord an 27 Meitheamh 2023 agus sínithe thar a cheann ag:

An Dochtúir Aidan Clerkin
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Éamonn Ó Muirheartaigh
Cathaoirleach

27 Meitheamh 2023

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

		An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021
Nótaí		€	€
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain ábhartha		340,568	717,186
Achtúireach (caillteanas) ar oibleagáidí sochair scoir	14.1	4,798,000	144,000
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	14.1	<u>(4,798,000)</u>	<u>(144,000)</u>
<u>Ioncam cuimsitheach iomlán sa bhliain</u>		<u>340,568</u>	<u>717,186</u>

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS

		An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 Nótaí €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 €
SÓCHMHAINNÍ NEAMH-REATHA			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	15	<u>43,738</u>	<u>64,035</u>
SOCHMHAINNÍ REATHA			
Stoic	16	307,746	316,508
Infháltais	17	428,584	490,318
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	22	<u>2,540,318</u>	<u>2,079,451</u>
		3,276,648	2,886,277
INÍOCTHA			
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain	18	<u>(293,729)</u>	<u>(264,223)</u>
GLANSÓCHMHAINNÍ REATHA		<u>2,982,919</u>	<u>2,622,054</u>
IOMLÁN NA SÓCHMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAS REATHA		3,026,657	2,686,089
Sócmhainn Phinsin iarchurtha do Phinsin– Scéim Neamh-mhaoinithe	14	8,952,000	12,871,000
Dlíteanais Phinsin – Scéim Neamh-mhaoinithe	14.1	<u>(8,952,000)</u>	<u>(12,871,000)</u>
GLANSOCHMHAINNÍ		<u>3,026,657</u>	<u>2,686,089</u>
CÚLCHISTÍ			
Cuntas ioncaim agus caiteachais		<u>3,026,657</u>	<u>2,686,089</u>

Faofa ag an mBord an 27 Meitheamh 2023 agus sínithe thar a cheann ag:

An Dochtúir Aidan Clerkin
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Éamonn Ó Muirheartaigh
Cathaoirleach

27 Meitheamh 2023

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

RÁITEAS AR SHREABHAÍ AIRGID

	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 Nótaí €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 €
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Ioncam iomlán don bhliain	340,568	717,186
Coigeartuithe don:		
Dímheas	<u>22,908</u>	<u>23,767</u>
	363,476	740,953
Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre:		
Gluaiseacht i stoic	8,761	165,256
Gluaiseacht in earraí infhaighte	61,733	(275,058)
Gluaiseacht infíoctha	<u>29,508</u>	<u>86,084</u>
Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>463,478</u>	<u>717,235</u>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí chun réadmhaoín, gléasra agus trealamh a fháil	(<u>2,611</u>)	(<u>18,364</u>)
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid	460,867	698,871
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana airgeadais	<u>2,079,451</u>	<u>1,380,580</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais 22	<u>2,540,318</u>	<u>2,079,451</u>

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. EOLAS GINEARÁLTA

Is Comhlacht Poiblí é an Foras Taighde ar Oideachas agus bunaíodh é le hionstraim reachtúil, Ordú An Foras Taighde ar Oideachas (Bunú) 2015 arna leasú le hOrdú an An Foras Taighde ar Oideachas (Bunú) (Leasú) 2017. Ag deireadh na bliana tá ceathrar ball ag an bhForas atá arna cheapadh ag an rialtas.

2. RÁITEAS COMHLÍONTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, Cuid 1A den Chaighdeán sin á chur i bhfeidhm, agus Acht na gCuideachtaí, 2014.

3. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SUNTASACHA CUNTASAÍOCHTA

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach thíos. Cuireadh na polasaithe seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach bliain a cuireadh i láthair mura luaitear a mhalairt.

a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún na gcostas stairiúil ach amháin cásanna réadmhaoine agus ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag méideanna athluacháilte nó luachanna córa, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos má tá siad ann. De ghnáth bíonn costas stairiúil bunaithe ar luach cóir na comaoine a thugtar mar mhalairt ar shócmhainní.

b) Ioncam

Cuimsíonn ioncam luach sonraise earraí a sholáthraíonn an Foras Taighde ar Oideachas, seachas aon lascainí trádála. Is ionann ioncam ó ioncam tionscadail agus suim an chaiteachais ghaolmhair a thabhaítear i rith na bliana.

c) Maoin, gléasra agus trealamh agus dímhéas

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas nó ag a luacháil, lúide dímhéas carntha. Ríomhtar an muirear ar dhímhéas chun bunchostas nó luacháil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar an saolré úsáideach a bhfuil súil leis, mar seo a leanas:

Daingneáin, feistis agus trealamh	-	15% Líne dhíreach
Trealamh ríomhaireachta	-	25% Líne dhíreach
Obair ealaíne	-	0% Líne dhíreach

Déantar luachanna iompair sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain do lagaithe i dtréimhsí má léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí nach féidir an luach tugtha anonn a aisghabháil.

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

3. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SUNTASACHA CUNTASAÍOCHTA (*ar lean*)

d) Sócmhainní airgeadais

Luaitear infheistíochtaí a choinnítear mar shócmhainní seasta ag costas lúide soláthar d'aon laghdú buan ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí eile mar aon le haon cháin iarchoimeáda ghaolmhar sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte.

e) Deontais Rialtais

Caitear le deontais chaipitiúla a fhaightear agus infhaighte mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a amúchadh leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais gach bliain thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne lena mbaineann sí. Cuirtear deontais ioncaim chun sochair an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad.

f) Stoic

Déantar stoic a luacháil ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe. Cinntear stoic ar bhonn meánchostas ualaithe. Cuimsíonn an costas caiteachas a thabhaítear i ngnáthchúrsa an ghnó chun stoic a thabhairt chuig a suíomh agus a riocht reatha. Déantar foráil d'earraí atá as feidhm nó mallghluaiste. Cuimsíonn glanluach inréadaithe an praghas díola iarbhir nó measta (glan ó lascainí trádála) lúide gach costas breise a tharla nó a thabhaítear i margaíocht agus i ndíol.

g) Trádáil agus earraí infhaighte eile

Aithnítear earraí infhaighte trádála agus eile ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin luaitear iad ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach lúide caillteanais lagaithe ar dhrochfhiacha amhrasacha ach amháin i gcás nach mbeadh éifeacht an lascainithe neamhábhartha. I gcásanna den sórt sin luaitear na nithe infhaighte ar chostas lúide caillteanais lagaithe as drochfhiach agus amhrasach.

h) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead tirim sa bhanc agus ar láimh, taiscí éilimh le bainc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtacha lena mbaineann aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú agus rótharraingtí bainc. Sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais léirítear rótharraingtí bainc laistigh de na nithe iníoctha.

i) Trádáil agus iníocthaí eile

Aithnítear trádáil agus earraí iníoctha eile ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin luaitear iad ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh éifeachtach ráta úis, ach i gcás éifeacht an lascainithe neamhábhartha, agus sa chás sin luaitear iad ar a gcostas.

j) Cánachas

Is Comhlacht Reachtúil é An Foras Taighde ar Oideachas. Ní thrádálann sé ar bhrabús agus dá bhrí sin tá sé díolmhaithe ó Cháin Chorporáide.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

3. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SUNTASACHA CUNTASAÍOCHTA (*ar lean*)

k) Pinsin

Tá socruithe áirithe scoir sochar sainithe ag an bhForas mar a shonraítear i nóta 12.

Déantar dliteanais scéime pinsin sochair shainithe a thomhas ar bhonn achtúireach agus an modh aonaid réamh-mheasta á úsáid. Cuimsíonn an muirear pinsin sochair shainithe don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha agus na costais seirbhíse roimhe seo, agus an costas úis a éiríonn as tomhas an dliteanais phinsin ag an nglanluach reatha. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil súil go mbeidh sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh taithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcás na Scéime Pinsin Aonair agus a choinníonn an Roinn Oideachais i gcás Scéim Pinsin an Choláiste.

Léirítear brabúis nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach i méid inghnóthaithe na Roinne Oideachais. Ríomhtar na méideanna a ghearrtar ag baint úsáide as na rátaí seo a leanas:

Costais seirbhíse reatha	-	Ráta lascaire ag tús na bliana
Costas úis	-	Ráta lascaire ag deireadh na bliana
Toradh measta sócmhainní	-	Ráta toraidh ionchais ag tús na bliana

l) Sócmhainn Infhaighte

Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim and Céilí agus Leanaí na gColáistí Oideachais
Aithníonn an FTO mar shócmhainn, méid a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí seo an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an polasaí agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna sonracha seo leis an Roinn Oideachais, níl aon fhianaise ag an bhForas nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag comhlíonadh an mhéid seo de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

Mar a mhínítear tuilleadh i nóta 14 leis na ráitis airgeadais, tá sócmhainn pinsin iarchurtha aitheanta ag FTO i leith Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim na gColáistí Oideachais do Chéilí agus Leanaí ar an mbonn go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun oibleagáidí sochair scoir a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Glacann an láimhseáil chuntasaíochta seo leis go gcuirfeadh aon ioncam a ghineann an FTO i bhfeidhm ar an gcéad dul síos i dtreo speansais reatha agus go gcuíteodh maoiniú Stáit aon easnamh in acmhainní chun dliteanais sochair scoir amach anseo a mhaoiniú.

Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (“SPSPS”)

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh poiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh de réir an Achta um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Is Údarás ábhartha é an FTO faoin scéim.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

4. BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASACHA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ NEAMHCHINNTEACHTA MEASTACHÁIN

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinne an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Féadfaidh torthaí iarbhir a bheith difriúil leis na meastacháin seo. Déantar meastacháin agus breithiúnais a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Tugtar aghaidh thíos ar na meastacháin, na toimhdí agus na breithiúnais a bhfuil riosca suntasach acu coigeartú ábhartha a dhéanamh ar mhéid carraeireachta na sócmhainní agus na ndlíteanas laistigh de na ráitis airgeadais sa bhliain airgeadais seo chugainn:

a) Laethanta saoire tuillte ach nár glacadh agus sochair eile d'fhostaithe

Ríomhtar é seo maidir le laethanta saoire a thuilltear ach nach dtógtar ar dháta an chláir chomhardaithe an 31 Nollaig 2022 a chuirtear i leith daonra iomlán na bhfostaithe.

b) Readmhaoín, Gléasra agus Trealamh

Ríomhtar muirear dímhéasa bunaithe ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana ar shaoilta eacnamaíocha úsáideacha sócmhainne agus ar an luach iarmharach a bhfuiltear ag súil leis.

5. GNÓTHAS LEANTACH

Tá a fhios ag na baill go ndéantar an t-eintiteas a mhaoiniú go héifeachtach le hioncam ón Roinn Oideachais. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, a mbraitheann a mbailíocht ar infhaighteacht leanúnach na gcistí seo.

Maidir leis seo, rinne an t-eintiteas an deimhniú maoinithe sin a mheas do 2023, agus aontaíodh buiséad 2023 i mí Feabhra 2023. Tugann an Roinn Oideachais faoin bpróiseas bliantúil seo gar do dheireadh na bliana agus dá bhrí sin níor comhaontaíodh fós ar bhuiséad 2023 agus ina dhiaidh sin. Go stairiúil ní raibh aon fhadhb ag an eintiteas maoiniú leanúnach a fháil.

Tar éis dóibh an méid roimhe seo a mheas, creideann na stiúrthóirí gur iomchuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Ní chuimsíonn na ráitis airgeadais aon athruithe a thiofadh as mainneachtain an bharrachais airgeadais réamh-mheasta a bhaint amach nó mura bhféadfadh an banc nó an Roinn Oideachais tacaíocht airgeadais a sholáthar a thuilleadh.

6. IONCAM

Tá ioncam iomlán an Fhorais Taighde ar Oideachas inchurtha i leith a mhargaidh i bPoblacht na hÉireann agus tá sé díorthaithe ó phríomhghníomhaíocht na meastóireachta ar sholáthar oideachais, anailís ar shaincheistean na oideachas, anailís ar thorthaí scrúduithe poiblí agus measúnuithe náisiúnta ar ghnóthachtáil oideachais.

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

7. DEONTAIS A FUARTHAS

Rinne an Roinn Oideachais trí dheontas a leithdháileadh ar an FTO in 2022, Pá, Neamhphá agus Pinsean. Is é cuspóir na ndeontas ná míreanna caiteachais Pá, Neamh-Phá agus Pinsean a chlúdach (ar nós costais ghinearálta oifige nó tionscadail) agus nithe a bhaineann le caiteachas pinsin. Ní bhfuarthas aon deontas caipitil.

Fuarthas deontas iomlán €3,444,444 (2021: €3,023,716) ón Roinn Oideachais. As na deontais iomlán a fuarthas áirítear €763,423 (2021: €642,302) mar ioncam tionscadail agus €2,681,021 (2021: €2,381,414) mar chuid de dheontas na Roinne Oideachais.

Tugtar cuntas ar na deontais seo trí chomhphlé rialta leis an Roinn Oideachais. Cuirtear sonras don mhaoiniú do thionscadail eile nach n-áirítear i dtionscadail lárnacha FTO a thagann faoin deontas Neamhphá chuig an páirtí ábhartha.

8. IONCAM TIONSCADAL

a) *Ioncam na dTionscadal Lárnach*

Ioncam na dTionscadal Lárnach	Deontóir	2022 €	2021 €
Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS)	An Roinn Oideachais – Aonad um Chuimsiú Sóisialta	1,221	1,903
An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta do Mhic Léinn (PISA)	An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais	271,603	8,525
Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS)	An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais	393,021	194,282
Dul chun cinn sa Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS)	An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais	6,069	42,391
Caighdeánú Trialacha	An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais	1,100	5,391
Measúnacht Náisiúnta (NAMER)	An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais	15,032	115,748
Measúnú agus diagnóis iar-bhunscoile – Béarla don SNSO	An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais	(3,346)	56,115
Trialacha ríomhaire-bhunaithe (TRB/DOTS)	An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais	59,911	179,364
An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG)	An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais	<u>18,812</u>	<u>38,583</u>
		<u>763,423</u>	<u>642,302</u>

Is tionscadail athfhillteacha iad tionscadail lárnacha ar nós measúnuithe idirnáisiúnta (m.sh., PIRLS/TIMSS/PISA) agus measúnuithe náisiúnta (m.sh. NAMER atá mar bhonn le maoiniú FTO) ón Roinn Oideachais (RO). Tá bunmhaoiniú tionscadail san áireamh i gcistiú pá agus neamhphá foriomlán na Roinne Oideachais a chumhdaíonn costais lárnacha tionscadail chomh maith le caiteachas ginearálta FTO (m.sh. sláinte agus sábháilteacht, TF srl.)

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

8. TIONSCADAL IONCAM *(ar lean)*

Clúdaíodh na costais go léir a bhain le measúnú agus diagnóis iar-bhunscoile – Béarla don SNSO faoi mhaoiniú tionscadail lárnacha cé gur tionscnamh SNSO é.

Níl an t-ioncam don tionscadal DEIS mar chuid de mhaoiniú an Aonaid Churaclaim agus Mheasúnaithe (nóta 7) ach déantar é a shonrasc chuig Aonad um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Oideachais.

a) Ioncam na dTionscadal Neamh-Lárnach

Ioncam na dTionscadal Neamh-Lárnach	Deontóir	2022	2021
		€	€
An Creat Foghlama Digití (CFD)	An Roinn Oideachais – Aonad Beartais TFC	53,661	68,653
Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGL/FGL – Folláine)	An Roinn Oideachais – Rannóg Oideachas Múinteoirí	89,541	99,844
Measúnú agus Diagnóis Iar- Bhunscoile – Béarla don SNSO	An Roinn Oideachais – SNSO	— -	— -
		<u>143,202</u>	<u>168,497</u>

Is éard atá i dtionscadail neamh-lárnacha ná tionscadail nach n-áirítear sa mhaoiniú bliantúil ón RO agus a bhaineann le tionscadail ad-hoc (mar an Creat Foghlama Digití nó Foghlaim Ghairmiúil Mhúinteoirí). Meallann na tionscadail seo maoiniú sonrach ó chodanna den Roinn seachas Láraonad Beartais (LAB) nó gníomhaireachtaí eile agus baineann gach maoiniú leis na tionscadail ábhartha amháin. Tá an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in Ioncam na dTionscadal Lárnacha do 2022.

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

9.	COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EILE	Nóta	2022 €	2021 €
	Caiteachas ar thionscadail lárnacha (féach nóta thíos)	8a	763,423	642,302
	Caiteachas ar thionscadail neamh-lárnacha (féach nóta thíos)	8b	12,984	5,455
	Priontáil, postas agus stáiseanóireacht		514,220	258,628
	Stoc oscailte		316,508	481,764
	Stoc deiridh		(307,746)	(316,508)
	Earcú agus oiliúint foirne		24,784	33,525
	Cíos iníoctha		12,063	12,000
	Rátaí		500	151
	Árachas		38,368	16,372
	Solas agus teas		24,190	16,958
	Glantóireacht		15,441	12,043
	Deisiúcháin agus cothabháil		58,281	13,605
	Guthán		12,037	12,175
	Costais ríomhaireachta		168,657	119,751
	Costais comhdhálacha		5,095	1,067
	Taisteal agus cothabháil		1,282	1,199
	Conarthaí cothabhála		41,161	34,584
	Táillí dlí		40,283	84,586
	Comhairleacht agus gairmiúil		92,015	24,657
	Iniúchadh agus cuntasáiocht		51,904	41,600
	Seomraí cruinnithe ar cíos agus lónadóireacht		1,021	619
	Táillí bainc		8,057	6,897
	Costais ghinearálta		4,602	5,471
	Bainistíocht dramhaíola agus bruscar		5,592	3,954
	Pionóis agus fineálacha		781	-
	Ballraíocht		<u>9,774</u>	<u>8,876</u>
			<u>1,915,277</u>	<u>1,521,731</u>

Nóta: Ní chuimsíonn caiteachas tionscadail neamh-lárnach de €12,984(2021: €5,455) pá agus tuarastail ar obair thionscadail neamh-lárnach de €128,922 (2021: €162,135) mar taispeántar é seo ar leithligh faoi phá agus tuarastail. Féach nóta 12 do thuilleadh sonraí.

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

10.	CAITEACHAS TIONSCADAL	Nóta	2022 €	2021 €
	<i>a) Caiteachas Tionscadal Lárnach</i>			
	Crua-earraí/bogearraí tionscadail		184,751	-
	Taisteal		33,211	-
	Priontáil, postas agus stáiseanóireacht		40,035	88,414
	Suirbhé, riarachán agus tacaíocht theicniúil		141,870	47,095
	Gairmiúil agus comhairleacht		122,353	316,966
	Ballraíocht		193,244	187,479
	Éagsúil		47,959	2,348
			<u>763,423</u>	<u>642,302</u>
	<i>b) Caiteachas Tionscadal Neamh-Lárnach</i>			
	Taisteal		148	-
	Priontáil, postas agus stáiseanóireacht		4,798	5,455
	Suirbhé, riarachán agus tacaíocht theicniúil		4,569	-
	Éagsúil		<u>3,469</u>	<u>-</u>
			12,984	5,455
	Pá & tuarastail-obair thionscadal neamh-lárnach	12	<u>128,922</u>	<u>162,135</u>
			<u>141,906</u>	<u>167,590</u>
11.	EASNAIMH OIBRIÚCHÁIN		2022 €	2021 €
	Dímheas ar mhaoín, gléasra agus trealamh		22,908	23,767
	Luach saothar iniúchóirí – comhdhéanta mar seo a leanas:			
	– An tArd Reachtaire Cuntas & Ciste		20,500	18,590
	– Crowe		1,472	15,889
	– Mazars		15,683	-
12.	FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR			
	An líon fostaithe			
	Is mar seo a bhí meánlíon na bhfostaithe (Baill Bhoird feidhmeannais san áireamh) i rith na bliana:		2022 Líon	2021 Líon
	Foireann		51	49

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

12. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAR (ar lean)	2022	2021
	€	€
Áirítear i measc na gcostas foirne:		
Pá agus Tuarastail	<u>2,585,898</u>	<u>2,261,446</u>

San áireamh i dtuarastal pá agus tuarastail don bhliain tá €128,922 (2021: €162,135) do phá agus tuarastail ar thionscadail neamh-lárnacha.

Tá costais pinsin do 2022 agus íocaíochtaí AD san áireamh i bpá agus tuarastail.

Íocann OCBÁC pinsean dóibh siúd a chuaigh ar scor roimh 2021. Íocann an FTO pinsean dóibh siúd a théann ar scor tar éis 2021. Fuair an FTO a chéad maoiniú pinsin don RO i 2022.

Baintear na ranníocaíochtaí pinsin do Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais ó thuarastail. Baintear asbhaintí pinsin ó mhaoiniú tuarastail a thagann ón Roinn Oideachais. Faigheann agus íoctar iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faigheann an FTO maoiniú ón Roinn Oideachais atá comhionann le ranníocaíochtaí fostaí bhaill na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

Tá €47,207 (2021: €39,193) fabhráithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas maidir le saoire pá do 2022.

Is iad sonraí faoi líon na bhfostaithe ar tháinig a sochar fostaí iomlán (gan costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain tuairiscithe laistigh de gach banda pá de € 10,000 ó € 60,000 nó níos mó:

Banda Pá €	An líon iomlán fostaithe a raibh a sochair don bhliain laistigh den bhanda pá
60,001 - 70,000	2
70,001 - 80,000	5
80,001 - 90,000	1
110,001 - 120,000	2
120,001 - 130,000	0

13. LUACH SAOTHAR DO BHAILL AN BHOIRD

Ní bhfuair aon bhall Boird táillí Boird i rith na bliana. Fuair Éamon Ó Muircheartaigh íocaíocht de €2,668 (2021: € Nialas mar aon le costais dheimhnithe de €1,486 (2021: €Nialas) as a chuid oibre ar thionscadal de chuid an FTO. Tá an íocaíocht seo go hiomlán ar leithligh óna chuid oibre mar bhall de Bhord Rialaithe an FTO.

B'ionann luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh** agus €132,083 (2021: €125,068). Roinntear é seo idir an t-iar-POF don tréimhse 1 Eanáir go 30 Aibreán 2022 (€44,376) agus an POF eatramhach don tréimhse 1 Bealtaine go 31 Nollaig 2022 (€87,707).

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

13. LUACH SAOTHAR DO BHAILL AN BHOIRD (*ar lean*)

Tá méid atá fós le deimhniú dlite don iar-POF maidir le cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá a bhí dlite an 2 Feabhra agus an 1 Deireadh Fómhair 2022. Ní bhfuair deimhniú ón Roinn Oideachais maidir le tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh go dtí R1 2023 agus tá an FTO ag obair ar choigeartú párolla ón mbliain airgeadais roimhe sin a phróiseáil. Táthar ag súil go réiteofar é faoi R3 2023.

Fuair an iar-POF íocaíocht de €1,515 (2021: €1,006) as costais dhearbhaite a bhain le taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tionóladh seacht chruinniú Boird i 2022.

*** Tá an iar-POF ina ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, agus níl aon teidlíochtaí breise eile ann. Tá an POF eatramhach ina bhall den Scéim COE, agus níl aon teidlíochtaí breise eile ann.*

14. COSTAIS PINSEAN – SOCHAR SHAINITHE

Tá dhá scéim sochair shainithe ag an FTO; Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim Chéilí agus Leanaí na gColáistí Oideachais agus an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“SPSPS”). Déanann OCBÁC (agus Coláiste Phádraig sula ndearnadh é a chomhtháthú mar chuid de Choláiste Phádraig, OCBÁC) íocaíochtaí thar ceann an FTO le tairbhíthe an Fhorais a bhaineann leis an dá scéim aoisliúntais sochair shainithe thar ceann na Roinne Oideachais.

Is é atá sa chéad scéim Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim Chéilí agus Leanaí na gColáistí Oideachais ná scéim pinsin sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a leanar ón airgead atá ar fáil uaithi, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais tríd an Udarás Ardoideachais agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail fóirne. Baintear na ranníocaíochtaí seo freisin ó dheontais a leithdháileann an Roinn Oideachais. Cuimsíonn na sochair ar scor pinsean bliantúil agus cnapshuim atá comhionann le suim na méideanna inchurtha i leith gach bliana féilire nó cuid de agus tá siad bunaithe ar an tuarastal deiridh. Cuimsíonn sochair an chéile cnapshuim dhá oiread an Luach Saothair Inphinsin agus 50% de phinsean an bhaill as bás i seirbhís nó 50% de phinsean an chomhalta as bás mar iarchur agus bás tar éis scoir. D’íoc OCBÁC íocaíochtaí pinsin go deireadh 2020. Ní bhfuair OCBÁC aon mhaoiniú ó 2020 ar aghaidh chun pinsin FTO a íoc agus leanann OCBÁC ag íoc pinsinéirí FTO roimh 2021 óna cistí féin. In 2021 ghlac an FTO seilbh ar íocaíocht a bpinsean do dhaoine a chuaigh ar scor tar éis 2020. Níor chuir an Roinn Oideachais aon mhaoiniú ar fáil do na híocaíochtaí seo in 2021 agus íocadh iad seo as cúlchistí an FTO. Cuireadh maoiniú ar fáil do na pinsin a d’íoc an FTO don bhliain 2022. Tá baol go gcuirfidh DCU bille chuig an FTO as pinsin a íocadh go dtí seo nach bhfuair siad maoiniú ina leith.

Is é an dara scéim an Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis de réir an Achta um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. An scéim déantar foráil maidir le cnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin ar an meán gairme, agus ar phinsin chéile agus leanaí. Is í an aois íosta pinsin ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe aoise ar phinsean Stáit). Cuimsíonn sé saoráid luathscoir laghdaithe ó achtúire ó aois 55. Méadaíonn pinsin in íocaíocht de réir innéacs praghsanna na dtomhaltóirí.

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

14. COSTAIS PINSEAN – SOCHAIR SHAINITHE (*ar lean*)

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa bhliain agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do bhaill na Scéime Aonair agus a choinníonn an Roinn Oideachais i gcás na Scéim Pinsin an Choláiste. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhde achtúireach agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Oideachais.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais.

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil achtúireach iomlán ar an Scéim le héifeacht ó 31 Nollaig 2022 chun críocha cuntasíochta. Is iad seo a leanas na príomh-bhoinn tuisceana a úsáideann an achtúire:

	2022	2021
An ráta méaduithe ar thuarastail	3.6%	3.2%
Méaduithe pinsin ar íocaíocht	3.6%	3.2%
Ráta liúntais	3.6%	1.3%
Bonn tuisceana ar bhoilsciú	2.6%	2.2%
Méaduithe pinsin ar iarchur	3.6%	3.2%
Méadú ar phinsean stáit	2.6%	2.2%

Tá imscrúduithe déanta le trí bliana anuas ar eispéireas básmhaireachta ar mhórscéimeanna an Fhorais. Bhí sé mar chonclúid ag na himscrúduithe go n-áiríonn na conclúidí reatha básmhaireachta liúntas leordhóthanach d'fheabhsúcháin todhchaí ar rátaí básmhaireachta. Is iad na hionchais saoil a mheastar ar scor ag aois 65 ná:

Ag dul ar scor inniu

Fireannaigh aois 65 ag dáta an chláir chomhardaithe	22.1	21.9
Baineannaigh aois 65 ag dáta an chláir chomhardaithe	24.4	24.3

Ag dul ar scor i gceann 20 bliain

Fireannaigh aois 65 i gceann 20 bliain	24.3	24.2
Baineannaigh aois 65 i gceann 20 bliain	26.4	26.3

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

14. COSTAIS PINSEAN – SOCHAIR SAINITHE (*ar lean*)

14.1 Anailís ar an méid a ghearrtar ar Ráiteas Ioncaim

	2022 €	2021 €
Costas seirbhíse reatha	845,000	774,000
Glanchoas úis	<u>176,000</u>	<u>65,000</u>
Muirear oibriúcháin iomlán	<u>1,021,000</u>	<u>839,000</u>
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	(103,000)	(87,000)
Muirear ar Ráiteas Ioncaim	<u>918,000</u>	<u>752,000</u>
	2022 €	2021 €
Anailís ar ghluaiseacht sa scéim le linn na bliana		
Ag tús na bliana	(12,871,000)	(12,412,000)
Gluaiseacht sa bhliain:		
Costais seirbhíse reatha (glan ó ranníocaíochtaí fostaithe)	(742,000)	(687,000)
Sochair íoctha	142,000	236,000
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	(103,000)	(87,000)
Sochair achtúireach	4,798,000	144,000
Glan ús / (creidmheas)	<u>(176,000)</u>	<u>(65,000)</u>
Ag deireadh na bliana –Luach reatha dliteanais na scéime	<u>(8,952,000)</u>	<u>(12,871,000)</u>
Sócmhainn pinsin sa chlár comhardaithe	<u>8,952,000</u>	<u>12,871,000</u>

Is é an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir an 31 Nollaig 2022 ná €8,952m (2021: €12,871m).

Baineann €8.032m (2021: €11.577m) den tsócmhainn le Scéim na gColáistí Oideachais agus baineann €0.919m (2021: €1.295m) leis an Scéim Pinsin Aonair.

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

14. COSTAIS PINSEAN – SOCHAIR SAINITHE (*ar lean*)

Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Seo a leanas mar a bhí an glanmhaoiniú iarchurtha do na sochar scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2022 €'000	2021 €'000
Maoiniú inghnóthaithe i leith costais sochair scoir na bliana reatha	1,021	839
Sochair íoctha	(142)	(236)
	<u>879</u>	<u>603</u>

Cineál agus méid na rioscaí a eascraíonn as ionstraimí airgeadais atá i seilbh na scéime sochair shainithe Tá an Scéim neamh-mhaoinithe agus gan aon infheistíochtaí aici.

Stair na nOibleagáidí Sochair Iarchurtha

	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000
Oibleagáidí sochair iarchurtha	8,952	12,871	12,412
Maoiniú inghnóthaithe i leith costais sochair scoir na bliana reatha	4,798	144	(1,250)
Céatadán dliteanais scéime	53.60%	1.12%	10.07%

Tá an luacháil a úsáideadh do nochtuithe FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach an 31 Nollaig 2022 ag achtúire cáilithe agus riachtanais FRS102 á gcur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas ag an 31 Nollaig 2022.

Tá baill aonair na scéime san áireamh sa dliteanas pinsin ag 31 Nollaig 2022, chuir an ríomh achtúireach na teidlíochtaí éagsúla a bhaineann leis an scéim san áireamh.

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

15. RÉADMHAOIN, FEARAS AGUS TREALAMH

	Daingneáin, feistis agus trealamh €	Trealamh ríomhaireachta €	Obair ealaíne €	Iomlán €
Costas				
Ag 1 Eanáir 2022	51,048	91,948	5,000	147,996
Breiseanna	-	<u>2,611</u>	-	<u>2,611</u>
Ag 31 Nollaig 2022	<u>51,048</u>	<u>94,559</u>	<u>5,000</u>	<u>150,607</u>
Dímheas				
Ag 1 Eanáir 2022	30,506	53,455	-	83,961
Muirear na bliana	<u>6,357</u>	<u>16,551</u>	-	<u>22,908</u>
Ag 31 Nollaig 2022	<u>36,863</u>	<u>70,006</u>	-	<u>106,869</u>
Muirear na bliana				
Ag 31 Nollaig 2022	<u>14,185</u>	<u>24,553</u>	<u>5,000</u>	<u>43,738</u>
Ag 31 Nollaig 2021	<u>20,542</u>	<u>38,493</u>	<u>5,000</u>	<u>64,035</u>

Is le OCBÁC an foirgneamh atá á áitiú ag an bhForas Taighde ar Oideachas. Tá cead ag an FTO an foirgneamh a úsáid gan aon chostas. D'éag comhaontú aistrithe idir an dá pháirtí i Meán Fómhair 2019 agus tá sé beartaithe na socruithe seo a chur ar bhonn foirmiúil.

Tá foirgneamh na Roinne Tástála ar Bhóthar Richmond faoi Iontaobhas Naomh Lorcán Ó'Tuathail faoi láthair. Bhí plé ag FTO leis an Roinn Oideachais & Scileanna, OCBÁC agus le hiontaobhas Naomh Lorcán Ó Tuathail chun an foirgneamh a aistriú go foirmiúil chuig an FTO. Táthar ag súil go n-aistreofar an úinéireacht chuig an eintiteas toisc nach féidir an foirgneamh a úsáid ach chun críche an Fhorais Taighde ar Oideachas.

Baineann saothar ealaíne le pictiúir a fágadh san bhForas mar chuid d'oidhreacht. Ní dhéantar iad a dhímheas faoi láthair mar meastar go bhfuil a luach iarmharach mar an gcéanna leis an gcostas reatha a choinnítear orthu.

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

16.	STOIC 2022	2021 €	€
-----	------------	-----------	---

Earraí críochnaithe agus earraí le hathdíol	<u>307,746</u>	<u>316,508</u>
---	----------------	----------------

Ní raibh difríocht shuntasach idir costas athsholáthair stoic agus na figiúirí a léiríodh.

17.	INFHÁLTAIS	2022 €	2021 €
-----	------------	-----------	-----------

Infháltais trádála	272,466	230,046
Infháltais eile	3,328	4,505
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	<u>152,790</u>	<u>255,767</u>
	<u>428,584</u>	<u>490,318</u>

18.	INÍOCTHA Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain	2022 €	2021 €
-----	---	-----------	-----------

Iníoctha trádála	14,826	1,845
ÍMAT/ASPC	79,631	63,571
CISG	358	5,980
Fabhraithe	<u>198,914</u>	<u>192,827</u>
	<u>293,729</u>	<u>264,223</u>

19.	TIOMANTAIS CHAIPITIÚLA
-----	------------------------

Ní raibh aon ghealltanais chaipitiúla ábhartha ag an eintiteas ag deireadh na bliana 31 Nollaig 2022.

20.	IDIRBHEARTA PÁIRTÍ GAOLMHARA
-----	------------------------------

Is é phríomhphearsanra bainistíochta ag an Foras Taighde Oideachais ná an POF. B'ionann luach saothair iomlán POF agus €132,083 (2021: €125,068). Roinneadh é seo idir an t-iar-POF don tréimhse 1 Eanáir go 30 Aibreán 2022 (€44,376) agus an POF eatramhach don tréimhse 1 Bealtaine go 31 Nollaig 2022 (€87,707).

AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

21. IMEACHTAÍ I nDIAIDH DHEIREADH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

I R1 2023 deimhníodh don FTO gur comhaontaíodh aistriú fhoirgneamh na Roinne Tástála agus shínigh an dá pháirtí na gníomhais i mí Aibreáin 2023. Tá gníomhais an fhoirgnimh aistrithe chuig an FTO anois cé go bhféadfadh sé suas le dhá bhliain a thógáil chun an clárú talún a chur i gcrích. Deimhníodh don FTO freisin nach mbeadh aon impleacht chánach (gnóthachain chaipitiúla nó dleacht stampa) ó na Coimisinéirí Ioncaim. Áireoidh an FTO na foirgnimh ina shócmhainní ina Ráitis Airgeadais 2023.

22. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGEAD TIRIM	2022 €	2021 €
Iarmhéideanna airgid agus bainc	<u>2,540,318</u>	<u>2,079,452</u>

23. FAOMHADH DO RÁITIS AIRGEADAIS

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 27 Meitheamh 2023 agus síníodh iad do agus thar ceann:

An Dochtúir Aidan Clerkin
Príomhfheidhmeannach

Éamonn Ó Muircheartaigh
Cathaoirleach